

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 64



An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 66

21 Feabhra 2023

Clár

II Faisnéis

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

An Coimisiún Eorpach

2023/C 64/01	Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.10797 – PCG / PERSTORP) ⁽¹⁾	1
2023/C 64/02	Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.10989 – BLACKSTONE / EMERSON (HVAC AND REFRIGERATION TECHNOLOGY BUSINESS)) ⁽¹⁾	2
2023/C 64/03	Teachtaireacht ón gCoimisiún faoi Airteagal 11(5) den Chomhaontú Airgeadaíochta idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Mhonacó	3
2023/C 64/04	Teachtaireacht ón gCoimisiún — Treoirlínte chun cur i bhfeidhm an Rialacháin IPI* ag údaráis chonarthaigh agus eintitis chonarthaigh agus ag oibreoirí eacnamaíocha a éascú	7

IV Fógraí

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

An Chomhairle

2023/C 64/05	Cinneadh (AE) ón gComhairle an 14 Feabhra 2023 lena gceaptar comhalta malartach amháin den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibríthe don Iodáil	15
2023/C 64/06	Conclúidí ón gComhairle maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach	17
2023/C 64/07	Fógra le haghaidh na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2013/184/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2023/380 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) Uimh. 401/2013, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/378 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma	23

GA

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

2023/C 64/08	Fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí sin a bhfuil feidhm maidir leo ag na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2013/184/CBES ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma.....	24
2023/C 64/09	Fógra le haghaidh na ndaoine agus na n-eintiteas a bhfuil feidhm ag na bearta maidir leo, ar bearta iad dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2023/381 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/379 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin	26
2023/C 64/10	Fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí a mbeidh feidhm ag na bearta sriantacha maidir leo, ar bearta iad dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin	27
An Coimisiún Eorpach		
2023/C 64/11	Rátaí malairte an euro — 20 Feabhra 2023	29
2023/C 64/12	Cinneadh ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2022 maidir le treoir a thabhairt do Riarthóir Lárnach Loga Beartaíochta an Aontais Eorpaigh ceartúcháin ar tháblaí náisiúnta leithdháilte na Seicia, na Danmhairge, na Gearmáine, na hÉireann, na Spáinne, na Fraince, na hIodáile, na Laitvia, na hUngáire, na hÍsiltíre, na Rómáine agus na Sualainne a chur isteach i Loga Beartaíochta an Aontais Eorpaigh	30
An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí		
2023/C 64/13	Achoimre ar Thuairim an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí ar na Tograí le haghaidh Treoracha maidir le caighdeáin do chomhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne (<i>Tá téacs iomlán na Tuairime seo le fáil i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis ar shuíomh gréasáin MECS https://edps.europa.eu</i>).....	46

V Fógairtí

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINNEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

An Coimisiún Eorpach

2023/C 64/14	Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.11007 – REGAL REXNORD / ALTRA) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe ⁽¹⁾	49
--------------	---	----

GNÍOMHARTHA EILE

An Coimisiún Eorpach

2023/C 64/15	Foilsíú teachtaireachta maidir le formheas leasaithe chaighdeánaigh le sonraíocht táirge i ndáil le hainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmilgthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún	51
--------------	--	----

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

II

*(Faisnéis)*FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó
GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN COIMISIÚN EORPACH

Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi**(Cás M.10797 – PCG / PERSTORP)****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 64/01)

An 8 Meán Fómhair 2022, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhu go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽¹⁾. Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

- i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin “mBeartas iomaíochta” atá ag an gCoimisiún (<http://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/>). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,
- i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (<http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en>) faoin uimhir dhoiciméid 32022M10797. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

⁽¹⁾ IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi**(Cás M.10989 – BLACKSTONE / EMERSON (HVAC AND REFRIGERATION TECHNOLOGY BUSINESS))****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 64/02)

An 31 Eanáir 2023, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhu go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽¹⁾. Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

- i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin “mBeartas iomaíochta” atá ag an gCoimisiún (<http://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/>). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,
- i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (<http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en>) faoin uimhir dhoiciméid 32023M10989. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

⁽¹⁾ IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

TEACHTAIREACHT ÓN GCOIMISIÚN
faoi Airteagal 11(5) den Chomhaontú Airgeadaíochta idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht
Mhonacó

(2023/C 64/03)

Cuireadh an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Teachtaireacht seo in ionad Iarscríbhinn B a ghabhann leis an gComhaontú Airgeadaíochta idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Mhonacó ⁽¹⁾, i gcomhréir le hAirteagal 11(5) den Chomhaontú sin.

—

⁽¹⁾ IO C 23, 28.1.2012, lch. 13.

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN B

	Forálacha Dlí atá le cur chun feidhme	An sprioc-am don chur chun feidhme
	<i>Sciúradh airgid a chosc</i>	
1	Rialachán (AE) 2015/847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le faisnéis a ghabhann le haistriú cistí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) 1781/2006, (IO L 141, 5.6.2015, lch. 1)	30 Meitheamh 2017 ^(?)
2	Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoirí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73) Arna leasú le:	30 Meitheamh 2017 ^(?)
2-1	Treoir (AE) 2018/843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoirí, agus lena leasaítear Treoir 2009/138/CE agus Treoir 2013/36/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 43) Arna chomhlánú agus arna chur i bhfeidhm le:	31 Nollaig 2020 ^(*)
2-2	Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí thríú tíortha ardriosca ag a bhfuil easnaimh straitéiseacha a shainnithint (IO L 254, 20.9.2016, lch. 1) Arna leasú le:	1 Nollaig 2017 ^(?)
2-2-1	Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/105 ón gCoimisiún an 27 Deireadh Fómhair 2017 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675, maidir leis an Aetóip a chur leis an liosta de thríú tíortha ardriosca sa tábla i bpointe I den Iarscríbhinn (IO L 19, 24.1.2018, lch. 1)	31 Márta 2019 ^(*)
2-2-2	Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/212 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2017 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, maidir le Srí Lanca, Oileán na Tríonóide agus Tobága, agus an Túinéis a chur leis an tábla i bpointe I den Iarscríbhinn (IO L 41, 14.2.2018, lch. 4)	31 Márta 2019 ^(*)
2-2-3	Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1467 ón gCoimisiún an 27 Iúil 2018 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, maidir leis an bPacastáin a chur leis an tábla i bpointe I den Iarscríbhinn (IO L 246, 2.10.2018, lch. 1)	31 Nollaig 2019 ^(?)

2-2-4	Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/855 ón gCoimisiún an 7 Bealtaine 2020 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 lena gcomhlánaítear Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na Bahámaí, Barbadós, an Bhotsuáin, an Chambóid, Gána, Iamáice, Oileán Mhuiris, an Mhongóil, Maenmar/Burma, Nicearagua, Panama agus an tSiombáib a chur leis an tábla i bpointe I den Iarscríbhinn agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Aetóip, an Ghuáin, Daon-Phoblacht Dhaonlathach Laos, Srí Lanca agus an Túinéis a scríosadh ón tábla sin IO L 195, 19.6.2020, lch. 1)	31 Nollaig 2022 (7)
2-2-5	Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/37 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, i dtaca leis an Mongóil a scríosadh ón tábla i bpointe I den Iarscríbhinn (IO L 14, 18.1.2021, lch. 1)	31 Nollaig 2023 (7)
2-2-6	Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/229 ón gCoimisiún an 7 Eanáir 2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le Buircíne Fasó, Oileáin Cayman, Háití, an Iordáin, Mailí, Maracó, na hOileáin Philipíneacha, an tSeineagáil agus an tSúdáin Theas a chur leis an tábla i bpointe I den Iarscríbhinn agus a mhéid a bhaineann leis na Bahámaí, an Bhotsuáin, Gána, an Iaráic agus Oileán Mhuiris a bhaint den tábla sin (IO L 39, 21.2.2022, lch. 4)	31 Nollaig 2024 (8)
2-3	Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/758 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2019 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála le haghaidh na híosghníomhaíochta agus leis an gcineál beart breise nach mór d'institiúidí creidmheasa agus airgeadais a dhéanamh chun an riosca sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta i dtríú tíortha áirithe a mhaolú (IO L 125, 14.5.2019, lch. 4)	31 Nollaig 2020 (9)
3	Rialachán (AE) 2018/1672 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le rialuithe i dtaca le hairgead ag teacht isteach san Aontas nó ag imeacht as an Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1889/2005 (IO L 284, 12.11.2018, lch. 6)	31 Nollaig 2021 (9)
4	Treoir (AE) 2018/1673 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le sciúradh airgid a chomhrac leis an dlí coiriúil (IO L 284, 12.11.2018, lch. 22)	31 Nollaig 2021 (9)
	<i>Calais agus góchumadh a chosc</i>	
5	Rialachán (CE) Uimh. 1338/2001 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2001 lena leagtar síos na bearta is gá chun an euro a chosaint ar ghóchumadh (IO L 181, 4.7.2001, lch. 6) Arna leasú le:	
5-1	Rialachán(CE) Uimh. 44/2009 ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1338/2001 lena leagtar síos na bearta is gá chun an euro a chosaint ar ghóchumadh (IO L 17, 22.1.2009, lch. 1)	
6	Cinneadh 2001/887/CGB ón gComhairle an 6 Nollaig 2001 maidir leis an euro a chosaint ar ghóchumadh (IO L 329, 14.12.2001, lch. 1)	

7	Rialachán (CE) Uimh. 2182/2004 ón gComhairle an 6 Nollaig 2004 maidir le boinn agus comharthaí atá cosúil le boinn euro (IO L 373, 21.12.2004, lch. 1)	
	Arna leasú le:	
7-1	Rialachán (CE) Uimh. 46/2009 ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2182/2004 maidir le boinn agus comharthaí atá cosúil le boinn euro (IO L 17, 22.1.2009, lch. 5)	
8	Maidir leis na sáruihte dá dtagraítear in Airteagal 3(b) go (e) de: Treoir 2014/42/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le hionstraimreachtaí na coireachta agus fáltais ón gcoireacht a reo agus a choigistiú san Aontas Eorpach (IO L 127, 29.4.2014, lch. 39)	31 Nollaig 2022 ⁽⁶⁾
9	Treoir 2014/62/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le cosaint an euro agus airgeadraí eile ar ghóchumadh leis an dlí coiriúil, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2000/383/CGB ón gComhairle (IO L 151, 21.5.2014, lch. 1)	30 Meitheamh 2016 ⁽¹⁾
10	Treoir (AE) 2019/713 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le calaois agus góchumadh modhanna íocaíochta neamhairgid a chomhrac agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2001/413/CGB ón gComhairle (IO L 123, 10.5.2019, lch. 18)	31 Nollaig 2021 ⁽²⁾
	<i>Reachtaíocht Baincéireachta agus Airgeadais</i>	
11	Treoir 97/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Márta 1997 maidir le scéimeanna cúitimh d'infheisteoirí (IO L 84, 26.3.1997, lch. 22)	

⁽¹⁾ Tháinig an Comhchoiste ar chomhaontú in 2014 maidir leis an spriocdháta sin de bhun Airteagal 11(5) den Chomhaontú Airgeadaíochta idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Mhonacó.

⁽²⁾ Tháinig an Comhchoiste ar chomhaontú in 2015 maidir leis an spriocdháta sin de bhun Airteagal 11(5) den Chomhaontú Airgeadaíochta idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Mhonacó.

⁽³⁾ Tháinig an Comhchoiste ar chomhaontú in 2017 maidir leis an spriocdháta sin de bhun Airteagal 11(5) den Chomhaontú Airgeadaíochta idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Mhonacó.

⁽⁴⁾ Tháinig an Comhchoiste ar chomhaontú in 2018 maidir leis an spriocdháta sin de bhun Airteagal 11(5) den Chomhaontú Airgeadaíochta idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Mhonacó.

⁽⁵⁾ Tháinig an Comhchoiste ar chomhaontú in 2019 maidir leis an spriocdháta sin de bhun Airteagal 11(5) den Chomhaontú Airgeadaíochta idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Mhonacó.

⁽⁶⁾ Tháinig an Comhchoiste ar chomhaontú in 2020 maidir leis an spriocdháta sin de bhun Airteagal 11(5) den Chomhaontú Airgeadaíochta idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Mhonacó.

⁽⁷⁾ Tháinig an Comhchoiste ar chomhaontú in 2021 maidir leis an spriocdháta sin de bhun Airteagal 11(5) den Chomhaontú Airgeadaíochta idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Mhonacó.

⁽⁸⁾ Tháinig an Comhchoiste ar chomhaontú in 2022 maidir leis an spriocdháta sin de bhun Airteagal 11(5) den Chomhaontú Airgeadaíochta idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Mhonacó."

TEACHTAIREACHT ÓN GCOIMISIÚN

Treoirlínte chun cur i bhfeidhm an Rialacháin IPI* ag údaráis chonartha agus eintitis chonartha agus ag oibreoirí eacnamaíocha a éascú

(2023/C 64/04)

Clár Ábhar

1. Tionscnamh oibreora eacnamaíoch a chinneadh	8
1.1. Míreanna fianaise is féidir a úsáid chun a chinneadh an bhfuil duine dlítheanach ag gabháil do “oibríochtaí substainteacha gnó” i dtír ar leith	8
1.2. Fianaise dhoiciméadach a fhéadfar a úsáid chun “oibríochtaí substainteacha gnó” a chinneadh	8
2. Tionscnamh na seirbhísí a chinneadh	9
3. Tionscnamh na n-earraí a chinneadh	9
3.1. Tionscnamh earraí ar bhonn choincheap na n-earraí a fhaightear go hiomlán i dtír amháin	9
3.2. Tionscnamh na n-earraí lena mbaineann níos mó ná tír amháin agus an coincheap “claochlú substainteach deireanach”	10
3.2.1. Tionscnamh a chinneadh le haghaidh táirgí a áirítear in Iarscríbhinn 22-01 CCA-DA	10
3.2.2. Tionscnamh a chinneadh le haghaidh táirgí nach n-áirítear in Iarscríbhinn 22-01 CCA-DA	10
4. Oibleagáidí ar na tairgeoirí a n-éireoidh leo	11
4.1. Oibleagáidí maidir le fochonraitheoireacht i bhforghníomhú an chonartha	11
4.2. Oibleagáidí maidir le tionscnamh na n-earraí a úsáideadh chun an Conradh a fhorghníomhú	12
4.3. Oibleagáidí maidir le fianaise leordhóthanach a sholáthar arna iarraidh sin	12
4.4. Oibleagáidí maidir le muirear comhréireach a íoc	13
5. Conas ba cheart d’údaráis chonartha agus d’eintitis chonartha beart IPI a chur i bhfeidhm agus cathain ba cheart sin a dhéanamh	13

Le Rialachán (AE) 2022/1031 (“Rialachán IPI”⁽¹⁾), leagtar síos nósanna imeachta ionas gur féidir leis an gCoimisiún imscrúduithe a dhéanamh ar bhearta nó cleachtais líomhnaithe tríú tír i gcoinne oibreoirí eacnamaíocha, earraí agus seirbhísí an Aontais agus dul i mbun comhairliúcháin leis na tríú tíortha lena mbaineann. Foráiltear leis freisin go bhféadfaidh an Coimisiún bearta IPI a fhorchur i ndáil le bearta nó cleachtais tríú tír den sórt sin chun srian a chur ar an rochtain atá ag oibreoirí eacnamaíocha, earraí nó seirbhísí ó thríú tíortha ar nósanna imeachta soláthair phoiblí de chuid an Aontais.

Foráiltear le hAirteagal 12 de Rialachán IPI gur cheart don Choimisiún treoirlínte a eisiúint, laistigh de 6 mhí ón 29 Lúnasa 2022, chun a chur i bhfeidhm ag údaráis chonartha agus eintitis chonartha agus ag oibreoirí eacnamaíocha a éascú.

Luaitear in Aithris 34 den Rialachán sin gur cheart faisnéis a sholáthar sa treoir sin, go háirithe, faoi na coincheapa maidir le tionscnamh daoine nádúrtha agus dlítheanacha, tionscnamh earraí agus seirbhísí, oibleagáidí breise agus cur i bhfeidhm na bhforálacha sin faoi chuimsiú an Rialacháin seo. Leis na treoirlínte sin, ba cheart riachtanais shonracha faisnéise FBManna a chur san áireamh iontu freisin, agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm acu, d’fhonn nach gcuirfí ró-ualach orthu.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2022/1031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meitheamh 2022 maidir le rochtain oibreoirí eacnamaíocha, earraí agus seirbhísí tríú tíortha ar mhargaí soláthair phoiblí agus lamháltais an Aontais agus maidir le nósanna imeachta a thacaíonn leis an gcaibidlíocht maidir le rochtain oibreoirí eacnamaíocha, earraí agus seirbhísí an Aontais ar mhargaí soláthair phoiblí agus lamháltais tríú tíortha (Ionstraim Soláthair Phoiblí Idirnáisiúnta – IPI) (IO L 173, 30.6.2022, lch. 1).

1. Tionscnamh oibreora eacnamaíoch a chinneadh

Chun críocha chur i bhfeidhm Rialachán IPI, ba cheart tionscnamh oibreora eacnamaíoch a chinneadh mar seo a leanas:

I gcás gur duine nádúrtha é oibreoir eacnamaíoch, is é tionscnamh an duine sin an tír ar náisiúnach di an duine sin nó an tír a bhfuil ceart buanchónaithe ag an duine sin inti.

I gcás gur duine dlítheanach é oibreoir eacnamaíoch, is de thionscnamh an tír ina bhfuil an duine dlítheanach bunaithe nó eagraithe ar shlí eile, ar choinníoll go bhfuil an duine dlítheanach ag gabháil d'oibríochtaí substainteacha gnó sa chríoch sin.

Leis an gcritéar maidir le hoibríochtaí substainteacha gnó, seachnaítear dul timpeall féideartha aon bheart IPI arna ghlacadh faoin Rialachán seo trí chuideachtaí caocha a chruthú i gcríoch tíre seachas an tír atá faoi réir beart IPI ag daoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha ar de thionscnamh tíre atá faoi réir beart IPI iad.

1.1. *Míreanna fianaise is féidir a úsáid chun a chinneadh an bhfuil duine dlítheanach ag gabháil do “oibríochtaí substainteacha gnó” i dtír ar leith*

Gabhann duine dlítheanach do “oibríochtaí substainteacha gnó” i dtír ar leith má dhéanann sé oibríochtaí gnó i gcríoch na tíre sin nach socruithe saorga iad arna bunaíodh go formhór chun críocha cánach nó chun dul timpeall ar bheart IPI.

Chun a léiriú go ngabhann sé do “oibríochtaí substainteacha gnó” i dtír ar leith, féadfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch na míreanna seo a leanas, *inter alia*, a agairt:

- an cineál oibríochtaí gnó (e.g. saoráid táirgthe, oifig ionadaíochta, ionad taighde agus forbartha, etc.);
- méid / déine / céatadán na n-oibríochtaí gnó sa tír sin;
- infheistíocht chaipitil sa tír sin;
- líon na bhfostaithe sa tír sin;
- faisnéis faoi chustaiméirí / cliaint sa tír sin;
- fad bunaithe na cuideachta sa tír sin;
- seoladh gnó nó comhfhreagrais sa tír sin;
- íocaíocht ar chánacha sa tír sin.

Ba cheart na míreanna neamh-uileghabhálacha sin a mheasúnú ina n-iomláine ar bhonn cás ar chás. Chun críocha an mheasúnaithe sin, d'fhéadfaí míreanna eile a chur san áireamh, ag brath ar shaintréithe gach cáis.

1.2. *Fianaise dhoiciméadach a fhéadfar a úsáid chun “oibríochtaí substainteacha gnó” a chinneadh*

I measc na samplaí d'fhianaise dhoiciméadach a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó oibreoirí eacnamaíocha, lena n-áirítear FBManna, lena mbreithniú i gcás amhrais maidir lena rannpháirtíocht in “oibríochtaí substainteacha gnó” i gcríoch na tíre ina bhfuil siad dlítheanach bunaithe nó eagraithe ar shlí eile, áirítear an méid seo a leanas:

- taifid ghnó (díolacháin agus oibríochtaí eile) - sonraisc, admhálacha, conarthaí gnó, litreacha creidmheasa, doiciméid an tseachadta, pleananna gnó, comhfhreagrais le soláthraithe/creidiúnaithe agus ceannaitheoirí agus liosta díobh, taifid ar stoc a ceannaíodh agus earraí a díoladh, tuarascáil ar chuairt cuideachta, etc.;

- faisnéis airgeadais – cuntas iniúchta, ráiteas airgeadais, ráiteas bainc, tuairisceáin chánach agus measúnuithe arna n-eisiúint ag comhlachtaí iomchuí, etc.; agus
- faisnéis fostaithe – taifid ar ranníocaíocht le hárachas leighis nó scéimeanna pinsin/scoir, conarthaí fostaíochta, etc.

Tá liostaí na samplaí thuas neamh-uileghabhálach. Féadfaidh údaráis chonarhacha agus eintitis chonarhacha aon chineál fianaise doiciméadaí a éileamh a mheasann siad a bheith iomchuí d'fhonn an tír ina bhfuil a oibríochtaí substainteacha gnó ag oibreoir eacnamaíoch a chinneadh.

2. Tionscnamh na seirbhísí a chinneadh

Chun críocha Rialachán IPI, cinntear tionscnamh seirbhíse ar bhonn thionscnamh an oibreora eacnamaíoch a sholáthraíonn an tseirbhís sin. Dá bhrí sin, tá an treoir ábhartha chun tionscnamh an oibreora eacnamaíoch a chinneadh ábhartha freisin chun tionscnamh na seirbhísí a chinneadh.

3. Tionscnamh na n-earraí a chinneadh

Chun críocha Rialachán IPI, ba cheart tionscnamh na n-earraí a sholáthraítear i bhforghníomhú conartha soláthair phoiblí a chinneadh ar bhonn na rialacha neamhfhabhraíochta maidir le tionscnaimh a leagtar síos i gCód Custaim an Aontais (“CCA”) ^(?), mar a shonraítear tuilleadh sna forálacha ábhartha de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún (“CCA-DA”) ^(?).

Go bunúsach, úsáidtear rialacha neamhfhabhraíochta maidir le tionscnamh chun tír thionscnaimh na n-earraí a chinneadh chun cóireáil na náisiún barrfhabhair (NBF) a chur i bhfeidhm (i.e. cóireáil taraife chaighdeánach de chuid an Aontais), ach freisin chun roinnt beart beartais tráchtála a chur chun feidhme amhail dleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh, trádhaic thrádála, bearta coimirce agus srianta cainníochtúla nó cuótaí taraife. Úsáidtear iad freisin le haghaidh staidreamh trádála, tairiscintí poiblí agus comhartha tionscnaimh. Cuireann an tAontas a thacar féin de rialacha neamhfhabhraíochta maidir le forálacha i dtaca le tionscnamh i bhfeidhm, forálacha a d'fhéadfadh a bheith éagsúil le forálacha aon tríú tír eile.

Is féidir leis an tionscnamh neamhfhabhair a bheith éagsúil leis an tionscnamh fabhrach a chinntear i gcomhthéacs socrú fabhrach trádála le haghaidh earraí, amhail Scéim Ghinearálaithe um Fhabhair de chuid an Aontais nó comhaontú saorthrádála, lena ndéantar foráil maidir le cóireáil fhabhrach taraife. Is gá a mheabhrú fiú má tá fabhar taraife faighte ag na hearraí a úsáideadh i bhforghníomhú conartha tráth a n-allmhairithe isteach san Aontas agus má cinneadh tionscnamh na n-earraí sin ar bhonn na rialacha fabhracha tionscnaimh is infheidhme maidir le trádáil leis an tír is onnmhaireoir, ba cheart tionscnamh na n-earraí sin, i gcomhthéacs chur i bhfeidhm bhearta IPI, a dhearbhu mar sin féin don údarás conarthach nó don eintiteas conarthach ar bhonn rialacha tionscnaimh neamhfhabhraíochta. Sa chomhthéacs sin, ní mór a thabhairt faoi deara nach gá gurb í an tír thionscnaimh an tír as ar seachadadh na hearraí agus/nó ar soláthraíodh iad.

Ag an tús, tá sé tábhachtach a bheith ar an eolas faoi aicmiú ceart an earra dheiridh sa “Chóras Comhchuibhithe” ⁽⁴⁾ (“CC”), toisc go bhfuil riail shonrach tionscnaimh nasctha le gach earra bunaithe ar a aicmiú sa Chóras Comhchuibhithe.

Úsáidtear dhá choincheap bhunúsacha chun tionscnamh neamhfhabhair earraí a chinneadh, is é sin coincheap na dtáirgí “a fhaightear go hiomlán” agus coincheap na dtáirgí a ndearnadh “claochlú substainteach deireanach” orthu.

3.1. Tionscnamh earraí ar bhonn choincheap na n-earraí a fhaightear go hiomlán i dtír amháin

De réir Airteagal 60(1) CCA “earraí a fhaightear go hiomlán i dtír amháin nó i gcríoch amháin, measfar gur de thionscnamh na tíre nó na críche sin iad”.

^(?) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

^(?) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe i dtaca le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 1).

⁽⁴⁾ <https://trade.ec.europa.eu/access-to-markets/en/content/harmonised-system-0>

Áirítear in Airteagal 31 de DA CCA liosta uileghabhálach d'earraí a mheasfar a bheith faighte go hiomlán i dtír nó i gcríoch amháin. Tagraíonn an liosta seo den chuid is mó do tháirgí a fhaightear ina staid nádúrtha agus do tháirgí a dhíorthaítear ó tháirgí a fhaightear go hiomlán. Dá bhrí sin, chun críocha Rialachán IPI freisin, is féidir a mheas go bhfaightear na táirgí sin go hiomlán i dtír agus i gcríoch amháin.

3.2. **Tionscnamh na n-earraí lena mbaineann níos mó ná tír amháin agus an coincheap “claochlú substainteach deireanach”**

De réir Airteagal 60(2) CCA “earraí a bhfuil níos mó ná tír nó críoch amháin bainteach lena dtáirgeadh, measfar gur de thionscnamh na tíre nó na críche ina ndearnadh an phróiseáil shubstainteach dheireanach nó an t-oibriú substainteach deireanach orthu, a raibh bunús leis an bpróiseáil nó an oibriú sin ó thaobh na heacnamaíochta, i ngnóthas a fheistítear chun na críche sin, a mbeidh monarú táirge nua mar thoradh air nó ar céim thábhachtach sa mhonarú í”.

Ciallaíonn an coincheap “claochlú substaintiúil deireanach” gur cheart monarú táirge nua nó céim thábhachtach monaraíochta a bheith mar thoradh ar an bpróiseáil shubstaintiúil dheireanach nó ar an oibriú substaintiúil deireanach.

Go praiticiúil, chun measúnú a dhéanamh i gcás ina ndearnadh an claochlú substaintiúil deireanach, is gá faisnéis a fháil ó na hoibreoirí eacnamaíochta atá rannpháirteach sa nós imeachta soláthair maidir leis na hábhair go léir a úsáideadh. Go háirithe, ní mór na hábhair neamhthionscnaimh a úsáideadh sa tír dheireanach táirgthe a shainithint. Go deimhin, ní mór na hábhair neamhthionscnaimh sin a bheith próiseáilte nó oibríte go substaintiúil sa tír dheireanach chun tionscnamh na n-earraí ábhartha a shannadh do thír táirgthe an táirge deiridh sin.

Go bunúsach, ba cheart saintréithe agus feidhmiúlachtaí ar leith a bheith ag an earra nuatháirgthe i dtír amháin, agus ba cheart go mbeadh na saintréithe agus na feidhmiúlachtaí sin éagsúil leis na hábhair a úsáideadh chun tionscnamh na tíre táirgthe céanna sin a fháil.

Ní mór an critéar “claochlú substaintiúil deireanach” a sheiceáil ar dhá shlí éagsúla, ag brath ar cé acu atá nó nach bhfuil an táirge lena mbaineann san áireamh in Iarscríbhinn 22-01 CCA-DA (féach pointe 3.2.1) nó mura bhfuil (féach pointe 3.2.2) ⁽⁵⁾.

3.2.1. **Tionscnamh a chinneadh le haghaidh táirgí a áirítear in Iarscríbhinn 22-01 CCA-DA**

Níl feidhm ag na rialacha a leagtar amach in Iarscríbhinn 22-01 (lena n-áirítear ina réamhfhórála) ach amháin maidir le hearraí a liostaítear go sonrach ar leibhéal 4 dhigit CC ar a laghad san Iarscríbhinn sin.

Measfar go ndearnadh an phróiseáil shubstaintiúil dheireanach nó an t-oibriú substaintiúil deireanach ar earraí a liostófar san Iarscríbhinn sin, a raibh monarú táirge nua nó céim thábhachtach monaraíochta mar thoradh uirthi, sa tír nó sa chríoch ina gcomhlíonfar na rialacha príomhúla nó iarmharacha a leagadh amach san Iarscríbhinn sin nó a sainithníodh leis na rialacha sin. Mar shampla, áirítear ar na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn 22-01 CCA-DA táirgí talmhaíochta áirithe (e.g. feoil, caife, gránaigh mheilte), táirgí ceimiceacha áirithe, táirgí teicstíle, éadaí, coisbheart chomh maith le táirgí áirithe iarainn agus cruach, uirlisí miotail, táirgí innealra, lena n-áirítear innealra leictreach. Déanta na fírinne, tá an liosta teoranta go leor agus ní chumhdaítear leis speictream iomlán na dtáirgí a aicmítear in Ainmníocht Chomhcheangailte an Aontais.

Liostaítear na rialacha is infheidhme maidir le táirgí in Iarscríbhinn 22-01 agus léirítear iad sa tábla “liosta rialacha” ⁽⁶⁾. I gcás nach féidir an tír dheireanach táirgthe a chinneadh ar bhonn na rialacha príomhúla a liostaítear go sonrach, ba cheart í a chinneadh trí chur i bhfeidhm na “rialacha iarmharacha” a leagtar síos ag tús gach Caibidle.

3.2.2. **Tionscnamh a chinneadh le haghaidh táirgí nach n-áirítear in Iarscríbhinn 22-01 CCA-DA**

I gcás earraí nach liostaítear in Iarscríbhinn 22-01 CCA-DA, déantar tionscnamh na n-earraí sin a chinneadh ar bhonn cás ar chás trí mheastóireacht a dhéanamh ar aon phróiseas nó oibríocht i ndáil le coincheap na próiseála substaintiúil deireanaí nó an oibríthe shubstaintigh dheireanaigh mar a shainmhínítear in Airteagal 60(2) CCA iad.

⁽⁵⁾ Féach freisin Treoir maidir le rialacha tionscnaimh neamhfhabhair: <https://taxation-customs.ec.europa.eu/system/files/2022-03/Guidance%20on%20non-preferential%20rules%20of%20origin.pdf>

⁽⁶⁾ https://taxation-customs.ec.europa.eu/table-list-rules-conferring-non-preferential-origin-products-following-classification-cn_en

D'fhonn an léirmhíniú comhchuibhithe ar an mbunphrionsabal "claochlú substaintiúil deireanach" le haghaidh earraí nach liostaítear in Iarscríbhinn 22-01 CCA-DA a mhéadú, rinneadh treoir shonrach nach bhfuil ceangailteach ó thaobh dlí a fhorbairt maidir leis na táirgí sin. Liostaítear an treoir do na táirgí sin freisin (ach ní aibhsítear í) sa tábla "liosta rialacha" a luaitear thuas.

Nuair nach gcomhlíontar riail an liosta sa tír dheireanach táirgthe, cinntear an tír thionscnaimh trí "na rialacha iarmharacha" a leagtar síos ag tús gach Caibidle a chur i bhfeidhm.

Ba cheart do na húdaráis chonartha agus na heintitis chonartha, chomh maith leis na conraitheoirí, lena n-áirítear FBManna, na rialacha faoi seach a leanúint agus ba cheart dóibh na treoirlínte a thagraíonn do thionscnamh neamhfhabhair a chur san áireamh (féach an Treoir maidir le rialacha tionscnaimh neamhfhabhair) (7).

I gcás amhrais maidir le tionscnamh earraí nó chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, féadfaidh conraitheoirí, agus go háirithe FBManna a fhéadfaidh nach mbeidh an saineolas riachtanach acu, iarratas a dhéanamh ar Fhaisnéis Cheangailteach i leith Tionscnaimh. Tuilleadh eolais: <https://trade.ec.europa.eu/access-to-markets/en/content/binding-origin-information-2>

4. Oibleagáidí ar na tairgeoirí a n-éireoidh leo

Le hAirteagal 8 de Rialachán IPI forchuirtear roinnt oibleagáidí ar thairgeoirí a n-éireoidh leo i nósanna imeachta soláthair phoiblí, atá faoi réir an bhirt IPI, agus i gcás conarthaí arna ndámhachtain ar bhonn creat-chomhaontuithe (dá ngairtear ar ghlaonna) a bhí faoi réir an bhirt IPI, maidir leis an méid seo a leanas: i) fochonraitheoireacht; ii) tionscnamh na n-earraí a úsáideadh chun an Conradh a fhorghníomhú; iii) fianaise leordhóthanach a sholáthar maidir le fochonraitheoireacht agus tionscnamh earraí, arna iarraidh sin; agus iv) muirear comhréireach a íoc i gcás nach gcomhlíontar na hoibleagáidí fochonraitheoireachta agus tionscnaimh.

Ní mór d'údaráis chonartha agus d'eintitis chonartha tagairt do na hoibleagáidí sin a áireamh sna doiciméid soláthair phoiblí, a bhfuil feidhm ag beart IPI maidir leo, ionas go mbeidh oibreoirí eacnamaíocha atá rannpháirteach i nósanna imeachta ábhartha, agus go háirithe FBManna, go hiomlán ar an eolas faoi na ceanglais is infheidhme i gcás ina ndámhtar an Conradh orthu.

4.1. Oibleagáidí maidir le fochonraitheoireacht i bhforghníomhú an chonartha

Ciallaíonn "fochonraitheoireacht" go socráitear go ndéanann tríú páirtí cuid de chonradh a fhorghníomhú ach ní áirítear leis earraí nó codanna a sheachadadh amháin, ar earraí nó codanna iad atá riachtanach chun seirbhís a sholáthar.

Oibreoirí eacnamaíocha ar dámhadh chonradh dóibh chun seirbhísí a sholáthar (lena n-áirítear oibreacha poiblí), ceanglaítear orthu gan níos mó ná 50 % de luach iomlán an chonartha a ligean ar fochonradh d'oibreoirí eacnamaíocha de thionscnamh tríú tír atá faoi réir an bhirt IPI.

I gcás conarthaí oibreacha poiblí, ní fochonraitheoireacht atá i gceist le húsáid ábhar, earraí agus comhpháirteanna atá le hionchorprú nó le bheith mar chuid d'oibreacha buana faoi chonradh oibreacha agus, dá bhrí sin, níor cheart í a áireamh sa ríomh don cheanglas tairsí 50 %. Mar shampla, má bhaineann an Conradh a dámhadh le droichead a thógáil, níor cheart costas na n-ábhar a úsáidtear (mar shampla cruach, coincreít, cloch, asfalt etc.) a chur san áireamh agus luach an chonartha á ríomh chun críocha na tairsí 50 %.

Ina theannta sin, earraí a cheannaigh an conraitheoir lena n-úsáid le linn an chonradh a fhorghníomhú (mar shampla innealra a úsáideann conraitheoir soláthair chun na hearraí arna sholáthar a thástáil agus a shuiteáil, trealamh a úsáideann conraitheoir oibreacha chun bóthar a thógáil, ríomhaire nó ríomhairí a úsáideann conraitheoir seirbhíse chun staidéar a dhréachtú), níor cheart iad a chur san áireamh agus luach an chonartha á ríomh chun críocha na tairsí 50 %.

(7) <https://taxation-customs.ec.europa.eu/system/files/2022-03/Guidance%20on%20non-preferential%20rules%20of%20origin.pdf>

4.2. **Oibleagáidí maidir le tionscnamh na n-earraí a úsáideadh chun an Conradh a fhorghníomhú**

I gcás conarthaí a gcumhdaítear a n-ábhar soláthar earraí, ceanglaítear ar oibreoirí ar dámhadh an conradh orthu a áirithiú nach mó ná 50 % de luach iomlán an chonartha earraí nó seirbhísí arna gcur ar fáil nó arna soláthar chun an conradh a fhorghníomhú agus atá de thionscnamh tríú tír atá faoi réir an bhirt IPI.

Dá bhrí sin, ní mór do níos mó ná 50 % de na hearraí a úsáideadh i bhforghníomhú conarthaí soláthair earraí a bheith de thionscnamh an Aontais nó de thionscnamh tríú tír nach bhfuil faoi réir an bhirt IPI.

Tagann na hearraí go léir atá le seachadadh faoi chonradh soláthair faoin tairseach sin. Sainmhínítear “earraí” mar earraí dá dtagraítear i gcuspóir nós imeachta soláthair phoiblí agus i sonraíochtaí an chonartha ábhartha, ach ní chumhdaíonn siad aon ionchur, aon ábhar nó aon chomhábhar atá ionchorpraithe sna hearraí arna soláthar. Dá bhrí sin, ábhair, earraí agus comhpháirteanna atá le hionchorprú sna hearraí arna soláthar nó le bheith ina gcuid díobh, ní thagann siad faoin tairseach sin. Mar shampla, má bhaineann an soláthar le seachadadh gléasanna leictreonacha, ní áireofar leathsheoltóirí a úsáideadh i dtáirgeadh na ngaireas sin le haghaidh na tairsí luacha 50 %, ach ní mór níos mó ná 50 % de na gléasanna leictreonacha sin arna soláthar a bheith de thionscnamh tíre nach bhfuil faoi réir an bhirt IPI.

Féadfaidh an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach an fhaisnéis maidir le tionscnamh na n-earraí a úsáideadh a iarraidh tráth ar bith le linn forghníomhú an chonartha.

Má iarrtar é, ní mór don tairgeoir a n-éireoidh leis agus ar dámhadh an conradh dó a shonrú go sainráite go gcomhlíonann na hearraí arna soláthar i bhforghníomhú an chonartha na ceanglais a bhaineann leis an tairseach maidir le tionscnamh na n-earraí a sholáthraítear. Chuige sin, ba cheart don chonraitheoir ráiteas a sholáthar don údarás conarthach, ar ráiteas é a fhéadfar a dhréachtú ar an mbealach seo a leanas: “Deimhním leis seo nach de thionscnamh na tíre [X] iad níos mó ná 50 % de na hearraí a sholáthraítear i bhforghníomhú chonradh XXX faoi réir an bhirt IPI [XYZ] an [dáta: xx.yy.zz]”.

Molann an Coimisiún, mar chuid de na nósanna imeachta measúnaithe riosca agus rialaithe maidir le cur chun feidhme Airteagal 8 den Rialachán IPI, go n-iarraídh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha ar an ar éirigh leis dearbhú deonach a sholáthar trí chéatadán na n-earraí nó na seirbhísí de thionscnamh tíortha atá faoi réir bearta IPI a shonrú i luach iomlán an chonartha.

Ba cheart, i bprionsabal, an dearbhú deonach sin a chur ar fáil sula ndéanfar íocaíocht deiridh an chonartha agus is féidir é a bhunú ar na córais rialaithe slabhra soláthair agus inrianaitheachta atá i bhfeidhm ag an gcuideachta mar chuid de ghnáthoibríochtaí an ghnó. Nuair a chuirtear dearbhuithe den sórt sin ar fáil, is féidir a mheas go bhfuil an riosca go ndéanfaí dul timpeall níos ísle ná in éagmais aon fhaisnéise den sórt sin.

4.3. **Oibleagáidí maidir le fianaise leordhóthanach a sholáthar arna iarraidh sin**

Tá sé d'oibleagáid ar an gconraitheoir, arna iarraidh sin don údarás conarthach nó don eintiteas conarthach, fianaise leordhóthanach a sholáthar chun comhlíonadh na tairsí maidir le tionscnamh na n-earraí a chruthú. I ndáil leis sin, is leor fianaise a sholáthar gur de thionscnamh an Aontais nó tríú tíortha eile nach bhfuil faoi réir an bhirt IPI atá níos mó ná 50 % de luach iomlán an chonartha.

Sa chleachtas, d'fhéadfadh dhá chás a bheith i gceist i gconradh chun earraí a sholáthar:

- Féadfaidh an conraitheoir na hearraí deiridh, a úsáideadh chun an conradh a fhorghníomhú, a cheannach san Aontas (nó i dtíre) nó i dtír atá faoi réir an bhirt IPI, nó
- D'fhéadfadh gur tháirg an conraitheoir na hearraí sin agus úsáid á baint as comhpháirteanna nó comhábhair de thionscnamh an Aontais (nó tríú tíre) nó de thionscnamh tíre atá faoi réir an bhirt IPI.

Tá feidhm chomhionann ag rialacha tionscnaimh neamhfhabhair mar a mhínítear thuas sa dá chás.

Sa chéad chás, más de thionscnamh tíre atá faoi réir beart IPI na hearraí deiridh allmhairithe, ní fhéadfaidh a sciar de luach iomlán an chonartha a bheith níos mó ná 50 % de luach an chonartha. Ciallaíonn sé sin gur cheart go mbeadh 50 % d'earraí a sholáthraítear ar bhonn an chonartha de thionscnamh an Aontais nó de thionscnamh tríú tíortha (seachas tíortha atá faoi réir an bhirt IPI). Féadfaidh an conraitheoir comhlíonadh na tairisí sin a chruthú trí shonraisc ábhartha agus/nó ráitis tionlacain ó sholáthraithe seachtracha a chur ar fáil. I gcás inar úsáideadh airgeadra eachtrach ar na sonraisc, déanfar a luach a chomhshó go EUR ar bhonn ráta malairte an EUR a bheidh bailí tráth an cheannaigh.

Sa dara cás, ní mór don chonraitheoir a léiriú go bhfuil tionscnamh de chuid an Aontais nó tríú tír (seachas tír atá faoi réir an bhirt IPI) faighte ag tromlach (níos mó ná 50 %) na n-earraí a tháirgtear agus a sholáthraítear ar bhonn an chonartha. Cé gur féidir comhpháirteanna de thionscnamh tíre atá faoi réir an bhirt IPI a úsáid, ní mór claochlú substaintiúil a bheith déanta orthu sa phróiseas táirgthe ionas go bhfaighidh an táirge deiridh tionscnamh an Aontais nó tríú tír (seachas tír atá faoi réir an bhirt IPI), i gcomhréir leis na rialacha tionscnaimh neamhfhabhracha mar a mhínítear thuas.

Ba cheart don chonraitheoir aon fhaisnéis, deimhniú, doiciméad tacaíochta nó ráiteas a sholáthar lena gcruthaítear gur comhlíonadh an tairseach maidir le tionscnamh. Is éard atá san fhianaise sin doiciméid a léiríonn gur de thionscnamh an Aontais nó tríú tír nach bhfuil faoi réir beart IPI níos mó ná 50 % de na hearraí. Is féidir tuairisc a bheith ann freisin ar na próisis mhonaraithe, lena n-áirítear samplaí, tuairiscí nó grianghraif, lena féidir tionscnamh na n-earraí arna soláthar a chinneadh. Is féidir a bheith san fhianaise freisin ráiteas nó foirm eile fianaise ó sholáthróir earraí san Aontas, más rud é gur cheannaigh an conraitheoir na hearraí ar mhargadh an Aontais.

D'fhéadfadh dearbhuithe nó deimhnithe tionscnaimh a bheith sna doiciméid ábhartha freisin. D'fhéadfadh comhlacht inniúil de chuid thír dhearbhaite thionscnaimh na n-earraí doiciméid den sórt sin a eisiúint (mar shampla an comhlachas tráchtála). Mar sin féin, ní thugtar aon fhaisnéis sna dearbhuithe nó sna deimhnithe tionscnaimh sin faoi chruinneas an tionscnaimh atá dearbhaithe, a mhéid a d'fhéadfadh rialacha difriúla a bheith ag tríú tíortha maidir le tionscnamh earraí a chinneadh. Ní thugann an cineál seo deimhnithe ach léiriú faoi áit táirgthe nó bunáitíochta na n-earraí. Dá bhrí sin, ní mheasfar gur cruthúnas dlíthiúil iad dearbhuithe/deimhnithe tionscnaimh, ach measfar iad mar ghné úsáideach chun an tionscnamh a chinneadh, rud a d'fhéadfadh, i gcás amhrais, seiceálacha breise a éascú.

4.4. ***Oibleagáidí maidir le muirear comhréireach a íoc***

I gcás ina bhfuil an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach a shuigh gur theip ar an gconraitheoir na hoibleagáidí faoi Airteagal 8.1(a-b) a chomhlíonadh nó i gcás ina bhfuil amhras réasúnta air faoi iontaofacht na fianaise arna tíolacadh ag an gconraitheoir faoi Airteagal 8.1(c), féadfaidh sé muirear comhréireach a fhorchur idir 10 % agus 30 % de luach an chonartha (de réir Airteagal 8.1 (d)). Ní mór méid iarbhrí an mhuirir sin a bhunú ar bhonn cás ar chás agus féadfaidh sé a bheith ag brath ar sciar d'earraí nó de sheirbhísí, ach gan a bheith teoranta do sciar den sórt sin, a bhfuil amhras réasúnach ann ina leith.

5. **Conas ba cheart d'údarás chonartha agus d'eintitis chonartha beart IPI a chur i bhfeidhm agus cathain ba cheart sin a dhéanamh**

Le Rialachán IPI, foráiltear in Airteagal 6(4) den Rialachán sin nach mbeidh feidhm ag an mbeart IPI ach amháin maidir le nósanna imeachta soláthair phoiblí ar mó a luach measta ná tairseach atá le cinneadh ag an gCoimisiún i bhfianaise thorthaí an imscrúdaithe agus na gcomhairliúchán, agus na critéir a leagtar amach i mír 3 ⁽⁸⁾ á gcur san áireamh. Ba cheart an luach measta sin a bheith cothrom le EUR 15 000 000 nó os a chionn glan ó CBL le haghaidh oibreacha agus lamháltas, agus cothrom le EUR 5 000 000 nó os a chionn glan ó CBL le haghaidh earraí agus seirbhísí.

Chun na tairseacha sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm, ba cheart luachanna measta ábhartha na gconarthaí a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 8 de Threoir 2014/23/AE, le hAirteagal 5 de Threoir 2014/24/AE agus le hAirteagal 16 de Threoir 2014/25/AE faoi seach.

⁽⁸⁾ Go sonrach: (a) comhréireacht an bhirt IPI maidir le beart nó cleachtas tríú tír agus (b) infhaighteacht foinsí malartacha soláthair le haghaidh na n-earraí agus na seirbhísí lena mbaineann, chun tionchar suntasach ar údarás chonartha agus ar eintitis chonartha a sheachaint nó a íoslaghdú.

Ní bheidh feidhm ag beart IPI ach amháin maidir le nósanna imeachta soláthair phoiblí a chumhdaítear, nósanna imeachta a seoladh idir teacht i bhfeidhm an bhirt IPI sin agus dul in éag, tarraingt siar nó cur ar fionraí an bhirt IPI sin.

Maidir le creatchonarthaí, ní chuirfear bearta IPI i bhfeidhm ach aon uair amháin tráth dámhachtain an chreat-chomhaontaithe. Níl feidhm ag bearta IPI maidir le conarthaí atá bunaithe ar chreat-chomhaontú (ag an gcéim ar glao mar a thugtar air).

Foráiltear in Airteagal 13(2) de Rialachán IPI gur cheart d'údaráis chonarhacha agus eintitis chonarhacha tuairisciú don Choimisiún trí Tenders Electronic Daily maidir le cur i bhfeidhm bhearta IPI, mar chuid den fhaisnéis faoi dhámhachtain conarthaí. Áireofar i dtuarascáil den sórt sin, i gcás gach nós imeachta ábhartha, faisnéis faoi chur i bhfeidhm bhearta IPI, líon na dtairiscintí a fuarthas ó thríú tíortha faoi réir an bhirt IPI ábhartha, líon na dtairiscintí ar cuireadh eisiámh na tairisceana nó coigeartú scóir i bhfeidhm ina leith agus cur i bhfeidhm eisceachtaí sonracha ón mbeart IPI.

Beidh réimsí ar leith in Tenders Electronic Daily a bheidh ar údaráis chonarhacha a líonadh isteach.

Ba cheart beart IPI i bhfoirm coigeartú scór a chur i bhfeidhm ag céim na meastóireachta ar na critéir dhámhachtana (níos beaichte tráth a ríomhtar an scór deiridh).

Ba cheart beart IPI i bhfoirm eisiata a chur i bhfeidhm ag céim na meastóireachta ar na critéir roghnúcháin.

IV

(Fógraí)

FÓGRAÍ Ó INSTITUTEIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó
GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN CHOMHAIRLE

CINNEADH (AE) ÓN gCOMHAIRLE

an 14 Feabhra 2023

lena gceaptar comhalta malartach amháin den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe
don Iodáil

(2023/C 64/05)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le saoirse ghluaiseachta d'oibrithe laistigh den Aontas ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagail 23 agus 24 de,

Ag féachaint do liosta na n-iarrthóirí a chuir Rialtais na mBallstát faoi bhráid na Comhairle,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- Trí bhíthin na gCinntí uaithe an 20 Meán Fómhair 2022 ⁽²⁾ agus an 25 Deireadh Fómhair 2022 ⁽³⁾, cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe don tréimhse ón 25 Meán Fómhair 2022 go dtí an 24 Meán Fómhair 2024.
- Tá ainmniúchán amháin curtha isteach ag Rialtas na hIodáile le haghaidh post atá le líonadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar an duine seo a leanas ina chomhalta malartach den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe don tréimhse dar críoch an 24 Meán Fómhair 2024:

I. IONADAITHE RIALTAIS

Tír	Comhaltaí	Comhaltaí Malartacha
An Iodáil		Niccolò FRANGIONE

⁽¹⁾ IO L 141, 27.5.2011, lch. 1.

⁽²⁾ Cinneadh ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2022 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe (IO C 393, 13.10.2022, lch. 5).

⁽³⁾ Cinneadh ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2022 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe don Danmhairg, an Ghearmáin, an Ghréig, an Chróit, don Iodáil, an Chipir, Lucsamburg, Mhálda agus an Phortaingéil (IO C 481, 19.12.2022, lch. 1).

Airteagal 2

Ceapfaidh an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha nár ainmníodh fós ar dháta níos déanaí.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Feabhra 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
E. SVANTESSON

Conclúidí ón gComhairle**maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach**

(2023/C 64/06)

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

1. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé caighdeáin dea-rialachais chánach, lena n-áirítear i réimse an chánachais chothrom agus na trédhearcachta cánach agus chomhrac na calaoise cánach, na n-imghabhála cánach agus na seachanta cánach a chur chun cinn agus a neartú, ar leibhéal an Aontais agus ar fud an domhain araon;
2. TUIGEANN SÍ an comhar táirgthe leanúnach i ndáil le cúrsaí cánach idir an Mheitheal um an gCód Iompair maidir le Cánachas Gnó (“an Mheitheal um an gCód Iompair”) agus formhór na ndlínsí ar fud an domhain;
3. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn atá déanta sna dlínsí ábhartha trí bhíthin na gcéimeanna gníomhacha a tugadh faoi na spriocdhátaí a comhaontaíodh agus na gealltanais nua a tugadh le go réiteofar na heasnaimh a shainaithin an Mheitheal um an gCód Iompair;
4. IS DÍOL SÁSAIMH DI an nuashonrú ar chritéar 1.1 maidir le huathmalartú faisnéise faoi chuntais airgeadais agus na gealltanais a thug na dlínsí atá i mbun idirphlé leis an Meitheal um an gCód Iompair faoi chuimsiú an nuashonraithe sin; IS OTH LÉI gur theip ar roinnt dlínsí gealltanais a thabhairt don Mheitheal laistigh den spriocdháta a leagadh síos, rud a d’fhág gur áiríodh iad ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach, nó gur íosghrádaigh an Fóram Domhanda iad i ndáil lena rátáil maidir le malartú faisnéise arna iarraidh sin;
5. IS OTH LÉI go bhfuil roinnt dlínsí fós nach gcomhoibríonn chun críoch cánach agus gur theip ar roinnt dlínsí a ngealltanais i leith na Meithle um an gCód Iompair a chomhlíonadh i ndáil le ceanglais maidir le substaintí eacnamaíocha faoi chritéar 2.2 nó maidir leis an athchóiriú ar chórais chánach dhíobhálacha faoi chritéar 2.1; IARRANN SÍ ar na dlínsí sin oibriú leis an Meitheal um an gCód Iompair chun na saincheisteanna atá fós ann a réiteach;
6. FORMHEASANN SÍ an measúnú a rinne an Mheitheal um an gCód Iompair ar chóras leasaithe na gcuideachtaí sealbhaíochta idirnáisiúnta de chuid Chónaidhm na Rúise i bhfianaise chritéir theicniúla an Chóid Iompair maidir le cánachas gnó i gcomhthéacs liosta an Aontais, go háirithe an measúnú ar an gcaoi a ndéileáiltear le hioncam ó mhaoin intleachtúil agus ar na forálacha marthanachta agus MEASANN SÍ nár chomhlíon Chónaidhm na Rúise a gealltanais a chóras cánach fabhrach díobhálach a leasú agus, dá bhrí sin, gur cheart í a áireamh ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go gcuireann an fogha míleata gan chúis atá á thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin, ar ionsaí é a cháin an Chomhairle Eorpach go láidir arís is arís eile (¹), cosc ar an Meitheal um an gCód Iompair idirphlé a choinneáil ar bun le húdarais na Rúise;
7. IS OTH LÉI nach bhfuil aon dul chun cinn déanta ag an Tuirc le Ballstát amháin maidir le huathmhalartú faisnéise éifeachtach; IARRANN SÍ AN ATHUAIR ar an Tuirc tús a chur leis gcaidreamh maidir le huathmhalartú faisnéise le Ballstát amháin atá fós gan réiteach agus na ceanglais a leagtar amach i gconclúidí ó Chomhairle Ecofin an 22 Feabhra 2021, an 5 Deireadh Fómhair 2021, an 24 Feabhra 2022 agus an 4 Deireadh Fómhair 2022 a chomhlíonadh ina n-iomláine; ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur coinníoll é uathmhalartú éifeachtach faisnéise leis na Ballstáit uile chun go mbeidh critéar 1.1 de liosta an Aontais á chomhlíonadh ag an Tuirc; IARRANN SÍ ar an Meitheal an Chomhairle a chur ar an eolas maidir lena bhfuil ag titim amach i ndáil leis sin agus leanúint d’aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna atá fós gan réiteach i gcás nach bhfuil aon dul chun cinn déanta;
8. FORMHEASANN SÍ an Tuarascáil ón Meitheal um an gCód Iompair a leagtar amach in 5922/23;

(¹) EUCO 18/22, EUCO 1/22, 21/22, 31/22, 34/22, chomh maith le 9873/22.

9. FORMHEASANN SÍ dá réir sin liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach ("liosta an Aontais") a leagtar amach in Iarscibhinn I;
 10. FORMHUINÍONN SÍ staid na himeartha mar a leagtar amach in Iarscibhinn II í i ndáil le gealltanais a thug dlínsí comhoibríocha chun caighdeáin dea-rialachais chánach a chur chun feidhme.
-

IARSCRÍBHINN I

Liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach**1. Samó Mheiriceá**

Ní chuireann Samó Mheiriceá aon uathmhalartú faisnéise airgeadais i bhfeidhm, níor shínigh sé ná níor dhaingnigh sé, lena n-áirítear tríd an dlínse a bhfuil siad ag brath uirthi, an Coinbhinsiún Iltaobhach ECFE maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach arna leasú, níl gealltanais tugtha aige na híoschaighdeáin maidir le creimeadh an bhoinn agus aistriú brabúis (íoschaighdeáin BEPS) a chur i bhfeidhm ná níl gealltanais tugtha aige go dtabharfaí aghaidh ar na saincheisteanna sin.

2. Angaíle

Éascaíonn Angaíle struchtúir agus socruithe amach ón gcósta atá dírithe ar bhrabúis a mhealladh gan fíorshubstaint eacnamaíoch ós rud é nach ndéanann sé gach gníomhaíocht is gá chun cur chun feidhme éifeachtach na gceanglas maidir le substaintí faoi chritéar 2.2 a áirithiú.

Tá Angaíle ag fanacht le hathbhreithniú forlíontach ag an bhFóram Domhanda maidir le Trédhearcacht agus Malartú Faisnéise chun críoch Cánach ("Fóram Domhanda") i ndáil le malartú faisnéise arna iarraidh sin (critéar 1.2).

3. Na Bahámaí

Éascaíonn na Bahámaí struchtúir agus socruithe amach ón gcósta atá dírithe ar bhrabúis a mhealladh gan fíorshubstaint eacnamaíoch ós rud é nach ndéanann sé gach gníomhaíocht is gá chun cur chun feidhme éifeachtach na gceanglas maidir le substaintí faoi chritéar 2.2 a áirithiú.

4. Ógh-Oileáin na Breataine

Níl rátáil "mórchomhlíontach" ar a laghad ag Ógh-Oileáin na Breataine ón bhFóram Domhanda i ndáil le malartú faisnéise arna iarraidh sin.

5. Cósta Ríce

Tá córas díolúine díobhálach maidir le hioncaim ó fhoinsí eachtracha ag Cósta Ríce agus níl an tsaincheist sin réitithe go fóill aige.

Tá gealltanais tugtha ag Cósta Ríce aghaidh a thabhairt ar mholtaí an Fhóraithe Dhomhanda maidir le huathmalartú faisnéise (critéar 1.1) in am trátha, chun go mbainfeadh amach an rátáil "i bhfeidhm, ach feabhas ag teastáil" ar a laghad maidir le príomhcheanglais 1 agus 2 i dtuarascáil athbhreithnithe piaraí an Fhóraithe Dhomhanda i bhfómhar 2024.

6. Fidsí

Ní comhalta í Fidsí den Fhóram Domhanda, níor shínigh sí ná níor dhaingnigh sí an Coinbhinsiún Iltaobhach ECFE maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach arna leasú, tá córais chánach fhabhracha dhíobhálacha aici (cuideachtaí onnmhairiúcháin, dreasacht na dteicneolaíochtaí cumarsáide ioncaim, ráta lamháiltais cánach do cheanncheathrú réigiúnach nó domhanda), níl sí ina comhalta den Chreat Cuimsitheach ná níor chuir sí íoschaighdeáin BEPS i bhfeidhm agus níl na saincheisteanna sin réitithe go fóill aici.

7. Guam

Ní chuireann Guam aon uathmhalartú faisnéise airgeadais i bhfeidhm, níor shínigh sé ná níor dhaingnigh sé, lena n-áirítear tríd an dlínse a bhfuil sé ag brath uirthi, an Coinbhinsiún Iltaobhach ECFE maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach arna leasú, níor gheall sé íoschaighdeáin BEPS a chur i bhfeidhm ná níor gheall sé go dtabharfaí aghaidh ar na saincheisteanna sin.

8. Oileáin Marshall

Éascaíonn Oileáin Marshall struchtúir agus socruithe amach ón gcósta atá dírithe ar bhrabúis a mhealladh gan fíorshubstaint eacnamaíoch ós rud é nach ndéanann sé gach gníomhaíocht is gá chun cur chun feidhme éifeachtach na gceanglas maidir le substaintí faoi chritéar 2.2 a áirithiú.

9. Oileáin Palau

Ní chuireann Oileáin Palau aon uathmhalartú faisnéise airgeadais i bhfeidhm, níor shínigh siad ná níor dhaingnigh siad an Coinbhinsiún Iltaobhach ECFE maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach arna leasú, agus níl na saincheisteanna sin réitithe go fóill acu.

10. Panama

Níl rátáil “mórchomhlíontach” ar a laghad ag Panama ón bhFóram Domhanda i ndáil le faisnéis a mhalartú arna iarraidh sin, tá córas díolúine díobhálach maidir le hioncaim ó fhoinsí eachtracha aige, agus níl na saincheisteanna sin réitithe go fóill aige.

Tá gealltanais tugtha ag Panama aghaidh a thabhairt ar mholtaí an Chreata Chuimsithigh i ndáil le cur chun feidhme chritéar 3.2 maidir le tuairisciú de réir tíre (CbCR), in am trátha, ionas go léireofar é sin i dtuarascáil athbhreithnithe piaraí ar Ghníomhaíocht 13 an Chreata Chuimsithigh i bhfómhar 2023.

11. Cónaidhm na Rúise

Tá córas cánach fabhrach díobhálach ag Cónaidhm na Rúise (cuideachtaí sealbhaíochta idirnáisiúnta) agus níl an tsaincheist sin réitithe go fóill aige.

12. Samó

Tá córas cánach fabhrach díobhálach ag Samó (gnó eischósta) agus níl an tsaincheist sin réitithe go fóill aige.

13. Oileán na Tríonóide agus Tobága

Ní chuireann Oileán na Tríonóide agus Tobága aon uathmhalartú faisnéise airgeadais i bhfeidhm, níl rátáil “mórchomhlíontach” ar a laghad acu ón bhFóram Domhanda i ndáil le faisnéis a mhalartú arna iarraidh sin, níor shínigh siad ná níor dhaingnigh siad an Coinbhinsiún Iltaobhach ECFE maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach arna leasú, tá córais chánach fhabhracha dhíobhálacha acu (criosanna saorthrádála), agus níl na saincheisteanna sin réitithe go fóill acu.

Gheall Oileán na Tríonóide agus Tobága aghaidh a thabhairt ar mholtaí an Chreata Cuimsitheach i ndáil le cur chun feidhme chritéar 3.2 maidir le tuairisciú de réir tíre (CbCR), in am trátha, ionas go léireofar é sin i dtuarascáil athbhreithnithe piaraí ar Ghníomhaíocht 13 an Chreata Cuimsitheach i bhfómhar 2023.

Tá gealltanais tugtha ag Oileán na Tríonóide agus Tobága freisin aghaidh a thabhairt ar mholtaí an Fhórait Dhomhanda maidir le huathmalartú faisnéise (critéar 1.1) in am trátha, chun go mbainfear amach rátáil “i bhfeidhm, ach feabhas ag teastáil”, ar a laghad, i gcás phríomhcheanglais 1 agus 2 i dtuarascáil athbhreithnithe piaraí an Fhórait Dhomhanda i bhfómhar 2024.

14. Oileáin na dTurcach agus na gCaiceos

Éascaíonn Oileáin na dTurcach agus na gCaiceos struchtúir agus socruithe amach ón gcósta atá dírithe ar bhrabúis a mhealladh gan fíorshubstaint eacnamaíoch ós rud é nach ndéanann sé gach gníomhaíocht is gá chun cur chun feidhme éifeachtach na gceanglas maidir le substaintí faoi chritéar 2.2 a áirithiú.

15. Ógh-Oileáin na Stát Aontaithe

Ní chuireann Ógh-Oileáin na Stát Aontaithe aon uathmhalartú faisnéise airgeadais i bhfeidhm, níor shínigh siad ná níor dhaingnigh siad, lena n-áirítear tríd an dlínse a bhfuil siad ag brath uirthi, an Coinbhinsiún Iltaobhach ECFE maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach arna leasú, tá córais chánach fhabhracha dhíobhálacha acu (clár forbartha eacnamaíche, cuideachtaí díolmhaithe, gníomh rialála ionaid baincéireachta idirnáisiúnta), níl gealltanais tugtha siad íoschaighdeáin BEPS a chur i bhfeidhm ná níl gealltanais tugtha acu go dtabharfaí aghaidh ar na saincheisteanna sin.

16. Vanuatú

Éascaíonn Vanuatú struchtúir agus socruithe amach ón gcósta arb é is aidhm dóibh brabúis nach bhfuil aon fhíorshubstaint eacnamaíoch ag baint leo a mhealladh, agus níl an tsaincheist sin réitithe go fóill aige.

Tá Vanuatú ag fanacht le hathbhreithniú forlíontach ag an bhFóram Domhanda maidir le malartú faisnéise arna iarraidh sin.

IARSCRÍBHINN II

Staid na himeartha maidir leis an gcomhar leis an Aontas i ndáil le gealltanais a thug dlínsí comhoibríocha chun prionsabail an dea-rialachais cánach a chur chun feidhme**1. Trédhearcacht****1.1. Uathmhalartú faisnéise**

Meastar go ndéanfaidh an dlínse seo a leanas faisnéis a mhalartú go huathoibríoch leis na 27 mBallstát uile de réir na hamlíne dá dtagraítear i mír 6 de Chonclúidí ón gComhairle an 22 Feabhra 2021, mír 4 de Chonclúidí ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021, agus mír 4 de Chonclúidí ón gComhairle an 24 Feabhra 2022 agus mír 4 de Chonclúidí ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022.

An Tuirc

Thug na dlínsí seo a leanas gealltanais aghaidh a thabhairt ar mholtaí an Fhóraitm Dhomhanda maidir le huathmalartú faisnéise in am trátha, chun go mbainfear amach an rátáil “i bhfeidhm, ach feabhas ag teastáil” ar a laghad maidir le príomhcheanglais 1 agus 2 i dtuarascáil athbhreithnithe piaraí an Fhóraitm Dhomhanda i bhfómhar 2024.

Arúba, an Bheilís, Cúrasó agus Iosrael**1.2. Comhaltas san Fhóram Domhanda agus rátáil shásúil i ndáil le malartú faisnéise arna iarraidh sin**

Tá na dlínsí seo a leanas ag fanacht ar athbhreithniú forlíontach ón bhFóram Domhanda:

An Bhotsuáin, Doiminice agus na Séiséil**2. Cánachas Cothrom****2.1. Córais chánach dhíobhálacha atá ann**

Maidir leis an dlínse seo a leanas, a thug gealltanais a córas díobhálach maidir le díolúine ioncaim ó fhoinsé eachtrach a leasú nó a dhíothú faoi dheireadh 2022, bhí srianta uirthi maidir le hathchóiriú bunreachtúil agus léirigh sí go ndearnadh dul chun cinn nithiúil in 2022 agus tugadh cead di, go dtí an 31 Márta 2023, a reachtaíocht a mhéid a bhaineann le rialacha frith-mhí-úsáide agus na ceanglais maidir le substaintí eacnamaíocha a oiriúnú. Gheall an dlínse sin an reachtaíocht leasaithe a chur i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Eanáir 2023:

Catar

Maidir leis na dlínsí seo a leanas, a thug gealltanais a gcórais díolúine dhíobhálacha maidir le hioncaim ó fhoinsí eachtracha a leasú nó a dhíothú faoi dheireadh 2022, agus a léirigh go ndearnadh dul chun cinn nithiúil ar na hathchóirithe sin in 2022, tugadh cead dóibh, go dtí deireadh 2023, a reachtaíocht maidir leis an gcaoi a ndéileáiltear le gnóthachain chaipitiúla a oiriúnú:

Hong Cong agus an Mhalaeisia

Maidir leis na dlínsí seo a leanas, a thug gealltanais córas cánach fabhrach a leasú agus a dhíothú faoi raon feidhme an Fhóraitm maidir le Cleachtais Chánach Dhíobhálacha faoin 31 Nollaig 2022, tugadh cead dóibh go dtí deireadh mhí Aibreáin 2023 a reachtaíocht a oiriúnú:

An Iordáin (crios eacnamaíoch speisialta Aqaba)

Thug na dlínsí seo a leanas gealltanais a gcórais chánach fhabhracha dhíobhálacha a leasú nó a dhíothú faoi raon feidhme an Fhóraitm maidir le Cleachtais Chánach Dhíobhálacha faoin 31 Nollaig 2023:

An Albáin (dreasachtaí tionsclaíocha), an Airméin (limistéir eacnamaíocha saor in aisce agus tionscadail teicneolaíochta faisnéise) agus Eswatini (crios eacnamaíoch speisialta)

3. Creimeadh an bhoinn agus aistriú brabúis a chosc

3.2. Cur chur chun feidhme íoschaighdeán CbCR (Gníomhaíocht 13 an Chreata Chuimsithigh um BEPS)

Gheall na dlínsí seo a leanas íoschaighdeán CbCR a chur chun feidhme trí aghaidh a thabhairt ar mholtaí an Chreata Chuimsithigh in am trátha, ionas go léireofar é sin i dtuarascáil athbhreithnithe piaraí ar Gníomhaíocht 13 an Chreata Chuimsithigh i bhfómhar 2023 agus/nó caidreamh malartaithe maidir le CbCR le Ballstáit uile an Aontais a ghníomhachtú de réir an spriocdháta a comhaontaíodh:

An Bheilís, Iosrael, Montsarat, an Téalainn, Vítneam

Fógra le haghaidh na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2013/184/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2023/380 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) Uimh. 401/2013, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/378 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma

(2023/C 64/07)

Na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2013/184/CBES ón gComhairle ⁽¹⁾, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2023/380 ón gComhairle ⁽²⁾, agus in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 ⁽³⁾, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/378 ón gComhairle ⁽⁴⁾, a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma, díritear a n-aird siúd ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tá cinneadh déanta ag Comhairle an Aontais Eorpaigh gur cheart na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí a ndéantar trácht orthu sna hlarscríbhinní thuasluaite a áireamh ar liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2013/184/CBES ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma. Luaitear sna hiontrálacha ábhartha sna hlarscríbhinní sin na forais ar a ndearnadh na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí lena mbaineann a liostú.

Cuirtear in iúl do na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear sna suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 4b den Rialachán).

Féadfaidh na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí lena mbaineann, iarraidh, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle, faoin 14 Márta 2023, ag an seoladh seo a leanas, go ndéanfaí athmhachnamh ar an gcinneadh a rinneadh iad a áireamh ar na liostaí thuasluaite:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1.
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

R-phost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirfear aon bharúlacha a gheofar san áireamh chun críoch athbhreithniú tréimhsiúil na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 12 de Chinneadh 2013/184/CBES agus le hAirteagal 4i(4) de Rialachán (AE) Uimh. 401/2013.

Cuirtear in iúl do na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 275, agus sa cheathrú agus sa séú mír d'Airteagal 263, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

⁽¹⁾ IO L 111, 23.4.2013, lch. 75.

⁽²⁾ IO L 51 I, 20.2.2023, lch. 27.

⁽³⁾ IO L 121, 3.5.2013, lch. 1.

⁽⁴⁾ IO L 51 I, 20.2.2023, lch. 1.

Fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí sin a bhfuil feidhm maidir leo ag na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2013/184/CBES ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staid i Maenmar/Burma

(2023/C 64/08)

Dírítear aird na n-ábhar sonraí ar an bhfaisnéis seo a leanas, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.

Is iad is bunúis dlí don oibríocht phróiseála seo Cinneadh 2013/184/CBES ón gComhairle ⁽²⁾, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2023/380 ón gComhairle ⁽³⁾, agus Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 ón gComhairle ⁽⁴⁾, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/378 ón gComhairle ⁽⁵⁾.

Is í Comhairle an Aontais Eorpaigh – agus Ard-Stiúrtóir na hArd-Stiúrtóireachta um Chaidreamh Seachtrach (RELEX) in Ardrúnaíocht na Comhairle ag gníomhú ar a son – rialaitheoir na hoibríochta próiseála seo; agus is é RELEX.1 an roinn ar a bhfuil cúram na hoibríochta próiseála, agus is féidir dul i dteagmháil leis an roinn sin ag:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1.
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

R-phost: sanctions@consilium.europa.eu

Is féidir dul i dteagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí na Comhairle ag:

An tOifigeach Cosanta Sonraí

data.protection@consilium.europa.eu

Is é cuspóir na hoibríochta próiseála liosta na ndaoine atá faoi réir bearta sriantacha a bhunú agus a nuashonrú i gcomhréir le Cinneadh 2013/184/CBES, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2023/380, agus Rialachán (AE) Uimh. 401/2013, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/378.

Is iad na hábhair sonraí na daoine nádúrtha sin a chomhlíonann na critéir maidir le liostú arna leagan síos i gCinneadh 2013/184/CBES agus i Rialachán (AE) Uimh. 401/2013.

Áirítear ar na sonraí pearsanta a bhailítear na sonraí is gá chun an duine lena mbaineann a shainathint i gceart, an ráiteas ar chúiseanna agus aon sonraí eile a bhaineann leis an gcúis atá leis an liostú.

Is iad na Cinntí ón gComhairle arna nglacadh faoi Airteagal 29 CAE agus na Rialacháin ón gComhairle arna nglacadh faoi Airteagal 215 CFAE lena n-ainmnítear daoine nádúrtha (ábhair sonraí) agus lena bhforchuirtear reo sócmhainní agus srianta taistil na bunúis dlí le haghaidh láimhseáil sonraí pearsanta.

Is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar leas an phobail i gcomhréir le hAirteagal 5(1)(a) agus chun oibleagáidí dlíthiúla a leagtar síos i ngníomhartha dlí thuasluaite a bhfuil an rialaitheoir faoina réir i gcomhréir le hAirteagal 5(1)(b) de Rialachán (AE) 2018/1725 a chomhlíonadh.

Is gá an phróiseáil a dhéanamh ar mhórchúiseanna a bhaineann le leas an phobail i gcomhréir le hAirteagal 10(2)(g) de Rialachán (AE) 2018/1725.

⁽¹⁾ IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.

⁽²⁾ IO L 111, 23.4.2013, lch. 75.

⁽³⁾ IO L 51 I, 20.2.2023, lch. 27.

⁽⁴⁾ IO L 121, 3.5.2013, lch. 1.

⁽⁵⁾ IO L 51 I, 20.2.2023, lch. 1.

Féadfaidh an Chomhairle sonraí pearsanta na n-ábhar sonraí a fháil ó na Ballstáit agus/nó ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí. Is iad na Ballstáit, an Coimisiún Eorpach agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí faighteoirí na sonraí pearsanta.

Coinneofar na sonraí pearsanta uile a phróiseálann an Chomhairle i gcomhthéacs bhearta sriantacha uathrialacha an Aontais go ceann 5 bliana ón uair a bhaintear an t-ábhar sonraí de liosta na ndaoine atá faoi réir an chalchta sócmhainní nó ón uair a théann bailíocht an bhirt in éag nó, má thugtar caingean dlí os comhair na Cúirte Breithiúnais, go dtí go dtabharfar breithiúnas críochnaitheach. Coinníonn an Chomhairle sonraí pearsanta atá i ndoiciméid atá cláraithe ag an gComhairle chun críocha cartlannú a dhéanamh ar leas an phobail, de réir bhrí Airteagal 4(1)(e) de Rialachán (AE) 2018/1725.

D'fhéadfadh sé go mbeadh ar an gComhairle sonraí pearsanta maidir le hábhar sonraí a mhalartú le tríú tír nó le heagraíocht idirnáisiúnta i gcomhthéacs thrasúil ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe a bheith á dhéanamh ag an gComhairle, nó i gcomhthéacs an chomhair idirnáisiúnta maidir le beartas an Aontais i ndáil le bearta sriantacha.

In éagmais cinneadh leordhóthanachta, nó in éagmais coimircí iomchuí, déantar sonraí pearsanta a aistriú chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta de réir na gcoinníollacha seo a leanas, de bhun Airteagal 50 de Rialachán (AE) 2018/1725:

- gur gá an t-aistriú a dhéanamh ar fhorais thábhachtacha a bhaineann le leas an phobail;
- gur gá an t-aistriú a dhéanamh chun éilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint.

Níl baint ag aon chinnteoireacht uathobrithe le sonraí pearsanta an duine is ábhar sonraí a phróiseáil.

Tá an ceart chun eolais ag na hábhair sonraí chomh maith leis an gceart chun rochtain ar a gcuid sonraí pearsanta féin. Tá sé de cheart acu freisin a gcuid sonraí a cheartú agus a chomhlánú. I gcúinsí áirithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé de cheart acu a éileamh go scriosfaí a gcuid sonraí pearsanta, agóid a dhéanamh faoina gcuid sonraí pearsanta a bheith á láimhseáil nó a iarraidh go ndéanfaí an láimhseáil sin a shrianadh.

Is féidir le hábhair sonraí na cearta sin a fheidhmiú trí ríomhphost a sheoladh chuig an rialaitheoir agus cóip a chur chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí mar atá luaite thuas.

I gceangal lena n-iarraidh, ní mór do na hábhair sonraí cóip de dhoiciméad céannachta a sholáthar chun a gcéannacht a dhearbhu (cárta aitheantais nó pas). Ba cheart uimhir aitheantais, ainm na tíre a d'eisigh, an tréimhse bhailíochta, ainm, seoladh agus dáta breithe a bheith ar an doiciméad sin. Féadfar dath dubh a chur ar aon sonraí eile atá sa chóip den doiciméad céannachta, amhail grianghraf nó saintréithe pearsanta eile.

Tá sé de cheart ag ábhair sonraí gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 (edps@edps.europa.eu).

Sula ndéanfaidh siad amhlaidh, moltar do na hábhair sonraí féachaint ar dtús le leigheas a fháil trí theagmháil a dhéanamh leis an rialaitheoir agus/nó le hOifigeach Cosanta Sonraí na Comhairle.

Fógra le haghaidh na ndaoine agus na n-eintiteas a bhfuil feidhm ag na bearta maidir leo, ar bearta iad dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2023/381 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/379 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin

(2023/C 64/09)

Dírítear an fhaisnéis seo a leanas ar na daoine agus ar na heintitis atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle ⁽¹⁾, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2023/381 ón gComhairle ⁽²⁾, agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle ⁽³⁾, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/379 ón gComhairle ⁽⁴⁾ a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin.

Tá Comhairle an Aontais Eorpaigh tar éis a chinneadh gur cheart na daoine agus na heintitis sin a áireamh ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle.

Cuirtear in iúl do na daoine agus na heintitis lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 4 den Rialachán).

Féadfaidh na daoine agus na heintitis lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar an liosta thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle roimh an 14 Márta 2023, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
rphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirtear in iúl do na daoine agus na heintitis lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 275, agus sa cheathrú agus sa séú mír d'Airteagal 263, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

⁽¹⁾ IO L 100, 14.4.2011, lch. 51.

⁽²⁾ IO L 51 I, 20.2.2023, lch. 36.

⁽³⁾ IO L 100, 14.4.2011, lch. 1.

⁽⁴⁾ IO L 51 I, 20.2.2023, lch. 13.

Fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí a mbeidh feidhm ag na bearta sriantacha maidir leo, ar bearta iad dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin

(2023/C 64/10)

Dírítear aird na n-ábhar sonraí ar an bhfaisnéis seo a leanas i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.

Is iad Cinneadh 2011/235/CBES ⁽²⁾, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2023/381 ón gComhairle ⁽³⁾, agus Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ⁽⁴⁾, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/379 ón gComhairle ⁽⁵⁾ is bunús dlí don oibríocht phróiseála sin.

Is í Comhairle an Aontais Eorpaigh - agus Ard-Stiúrthóir na hArd-Stiúrthóireachta um an gCaidreamh Seachtrach (RELEX) in Ardrúnaíocht na Comhairle ag gníomhú ar a son - rialaitheoir na hoibríochta próiseála seo; is é RELEX.1 an roinn ar a bhfuil cúram na hoibríochta próiseála, agus is féidir dul i dteagmháil leis an roinn sin ag:

Comhairle an Aontais Eorpaigh - An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

rphost: sanctions@consilium.europa.eu

Is féidir dul i dteagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí na Comhairle ag:

An tOifigeach Cosanta Sonraí data.protection@consilium.europa.eu

Is é cuspóir na hoibríochta próiseála liosta na ndaoine atá faoi réir bearta sriantacha a bhunú agus a nuashonrú i gcomhréir le Cinneadh 2011/235/CBES, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2023/381, agus Rialachán (AE) Uimh. 359/2011, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/379.

Is daoine nádúrtha iad na hábhair sonraí sin a chomhlíonann na critéir maidir le liostú arna leagan síos i gCinneadh 2011/235/CBES agus i Rialachán (AE) Uimh. 359/2011.

Áirítear ar na sonraí pearsanta arna mbailiú na sonraí is gá chun an duine lena mbaineann a shainaithint i gceart, an ráiteas ar chúiseanna agus aon sonraí eile a bhaineann leis na forais maidir leis an liostú.

Is iad na Cinntí ón gComhairle a glacadh faoi Airteagal 29 CAE agus Rialacháin ón gComhairle a glacadh faoi Airteagal 215 CFAE lena n-ainmnítear daoine nádúrtha (ábhair sonraí) agus lena bhforchuirtear reo sócmhainní agus srianta taistil is bunús dlí do láimhseáil sonraí pearsanta.

Is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích ar cúram é a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail i gcomhréir le hAirteagal 5(1)(a) agus chun oibleagáidí dlíthiúla a leagtar síos sna gníomhartha dlí thuasluaite a bhfuil an rialaitheoir faoina réir i gcomhréir le hAirteagal 5(1)(b) de Rialachán (AE) 2018/1725 a chomhlíonadh.

Is gá an phróiseáil a dhéanamh ar mhórchúiseanna a bhaineann le leas an phobail i gcomhréir le hAirteagal 10(2)(g) de Rialachán (AE) 2018/1725.

Féadfaidh an Chomhairle sonraí pearsanta ábhar sonraí a fháil ó na Ballstáit agus/nó ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí. Is iad na Ballstáit, an Coimisiún Eorpach agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí faighteoírí na sonraí pearsanta.

⁽¹⁾ IO L 295, 21.11.2018, lch. 39

⁽²⁾ IO L 100, 14.4.2011, lch. 51

⁽³⁾ IO L 51 I, 20.2.2023, lch. 36

⁽⁴⁾ IO L 100, 14.4.2011, lch. 1

⁽⁵⁾ IO L 51 I, 20.2.2023, lch. 13

Coimeádfar na sonraí pearsanta uile a phróiseálann an Chomhairle i gcomhthéacs bhearta sriantacha uathrialacha an Aontais go ceann 5 bliana ón uair a bhaintear an t-ábhar sonraí de liosta na ndaoine atá faoi réir reo sócmhainní nó ón uair a dtéann bailíocht an bhirt in éag nó, má thugtar caingean dlí os comhair na Cúirte Breithiúnais, go dtí go dtabharfar breithiúnas críochnaitheach. Coimeádann an Chomhairle sonraí pearsanta atá i ndoiciméid a chláraíonn an Chomhairle chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, de réir bhrí Airt. 4(1)(e) de Rialachán (AE) 2018/1725.

D'fhéadfadh sé go mbeadh ar an gComhairle sonraí pearsanta maidir le hábhar sonraí a mhalartú le tríú tír nó le heagraíocht idirnáisiúnta i gcomhthéacs thrasuí ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe arna dhéanamh ag an gComhairle nó i gcomhthéacs an chomhair idirnáisiúnta i ndáil le beartas an Aontais i dtaca le bearta sriantacha.

In éagmais cinneadh leordhóthanachta, nó coimircí iomchuí, tá aistriú sonraí pearsanta chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta bunaithe ar an gcoinníoll nó na coinníollacha seo a leanas, de bhun Airteagal 50 de Rialachán (AE) 2018/1725:

- gur gá an t-aistriú a dhéanamh ar fhorais thábhachtacha a bhaineann le leas an phobail;
- gur gá an t-aistriú a dhéanamh chun éilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint.

Níl aon chinnteoireacht uathoibríthe i gceist agus sonraí pearsanta an ábhair sonraí á bpróiseáil.

Tá an ceart chun faisnéise ag ábhair sonraí chomh maith leis an gceart rochtana ar a gcuid sonraí pearsanta féin. Tá sé de cheart acu freisin a gcuid sonraí a cheartú agus a chomhlánú. I gcúinsí áirithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé de cheart acu a éileamh go scriosfaí a gcuid sonraí pearsanta, agóid a dhéanamh faoina gcuid sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil nó a iarraidh go ndéanfaí an phróiseáil sin a shrianadh.

Is féidir le hábhair sonraí na cearta sin a fheidhmiú trí ríomhphost a sheoladh chuig an rialaitheoir agus cóip a sheoladh chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí mar a léirítear thuas.

I gceangal lena n-iarraidh, ní mór do na hábhair sonraí cóip de dhoiciméad aitheantais (cárta aitheantais nó pas) a sholáthar chun a gcéannacht a dheimhniú. Ba cheart uimhir aitheantais, tír eisiúna, an tréimhse bhailíochta, ainm, seoladh agus dáta breithe a bheith ar an doiciméad sin. Féadfar dath dubh a chur ar aon sonraí eile atá sa chóip den doiciméad aitheantais, mar shampla grianghraf nó saintréithe pearsanta eile.

Tá sé de cheart ag ábhair sonraí gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 (edps@edps.europa.eu).

Sula ndéanfaidh siad amhlaidh, moltar do na hábhair sonraí féachaint ar dtús leis an scéal a leigheas trí dhul i dteagmháil leis an rialaitheoir agus/nó le hOifigeach Cosanta Sonraí na Comhairle.

AN COIMISIÚN EORPACH

Rátaí malairte an euro ⁽¹⁾

20 Feabhra 2023

(2023/C 64/11)

1 euro =

	Airgeadra	Ráta malairte		Airgeadra	Ráta malairte
USD	dollar na Stát Aontaithe	1,0674	CAD	dollar Cheanada	1,4367
JPY	yen na Seapáine	143,09	HKD	dollar Hong Cong	8,3623
DKK	krona na Danmhairge	7,4461	NZD	dollar na Nua-Shéalainne	1,7087
GBP	punt steirling	0,88738	SGD	dollar Shingepór	1,4259
SEK	krona na Sualainne	11,0620	KRW	won na Cóiré Theas	1 384,38
CHF	franc na hEilvéise	0,9861	ZAR	rand na hAfraice Theas	19,3471
ISK	króna na hÍoslainne	154,70	CNY	renminbi-yuan na Síne	7,3191
NOK	krona na hIorua	10,9683	IDR	rupiah na hIndinése	16 178,69
BGN	lev na Bulgáire	1,9558	MYR	ringgit na Malaesia	4,7291
CZK	koruna Phoblacht na Seice	23,693	PHP	peso na nOileán Filipíneach	58,675
HUF	forint na hUngáire	382,83	RUB	rúbal na Rúise	
PLN	zloty na Polainne	4,7435	THB	baht na Téalainne	36,708
RON	leu na Rómáine	4,9180	BRL	real na Brasaíle	5,5162
TRY	lira na Tuirce	20,1379	MXN	peso Mheicsiceo	19,6555
AUD	dollar na hAstráile	1,5456	INR	rúipí na hIndia	88,3060

⁽¹⁾ Foinse: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

CINNEADH ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Nollaig 2022

mairir le treoir a thabhairt do Riarthóir Lárnach Loga Beartaíochta an Aontais Eorpaigh ceartúcháin ar tháblaí náisiúnta leithdháilte na Seicia, na Danmhairge, na Gearmáine, na hÉireann, na Spáinne, na Fraince, na hIodáile, na Laitvia, na hUngáire, na hÍsiltíre, na Rómáine agus na Sualainne a chur isteach i Loga Beartaíochta an Aontais Eorpaigh

(2023/C 64/12)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le feidhmiú Chlárlann an Aontais ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 46(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Chuir na Ballstáit liosta na suiteálacha laistigh dá gcríoch faoi bhráid an Choimisiúin de bhun Airteagal 11(1) de Threoir 2003/87/CE ⁽²⁾.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 2 de Chinneadh (AE) 2021/355 ón gCoimisiún ⁽³⁾, ní dhearna an Coimisiún aon agóid i gcoinne liostaí na suiteálacha a chumhdaítear le Treoir 2003/87/CE faoi mar a thíolaic an Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Fhionlainn agus an tSualainn, seachas mar a leagtar amach in Airteagal 1 den Chinneadh sin agus na hlarscríbhinní a ghabhann leis.
- (3) Maidir le réamh-mhéideanna bliantúla na lamháltas saor in aisce in aghaidh na suiteála, rinne na Ballstáit iad a chinneadh agus thug siad fógra ina leith trí úsáid a bhaint as na luachanna tagarmhairc athbhreithnithe arna gcinneadh i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾, de bhun Airteagal 14(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/331 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾.
- (4) In Airteagal 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/927 ón gCoimisiún ⁽⁶⁾, ba é an cinneadh ann nár ghá aon choigeartú a chur i bhfeidhm ar réamh-mhéideanna bliantúla na lamháltas saor in aisce de bhun Airteagal 10a(5) de Threoir 2003/87/CE, toisc nár mhó an t-éileamh ná an t-uasmhéid.
- (5) Thug an tSeicia fógra maidir le hathruithe ar a tábla náisiúnta leithdháilte, le litir dar dáta an 6 Iúil 2022. Rinneadh suiteáil CZ-127 a thuairisciú sa tábla náisiúnta leithdháilte tosaigh leis an uimhir aitheantais mhícheart le haghaidh chuntas na clárlainne. Cuirtear an uimhir cheart bhuan in ionad uimhir aitheantais CZ-126.
- (6) Thug an Danmhairg fógra maidir le hathruithe ar a tábla náisiúnta leithdháilte, le litir dar dáta an 2 Nollaig 2022. Ceartaíodh leibhéal ghníomhaíochta stairiúla na bhfoshuiteálacha teasa a bhaineann le suiteálacha DK-265, DK-305 agus DK-375.

⁽¹⁾ IO L 177, 2.7.2019, lch. 3.

⁽²⁾ Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

⁽³⁾ Cinneadh (AE) 2021/355 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2021 maidir le bearta náisiúnta trasuite le haghaidh leithdháileadh idirthréimhseach saor in aisce na lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomhréir le hAirteagal 11(3) de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 68, 26.2.2021, lch. 221).

⁽⁴⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún an 12 Márta 2021 lena gcinntear luachanna tagarmhairc athbhreithnithe maidir le lamháltas astaíochtaí a leithdháileadh saor in aisce le haghaidh na tréimhse ó 2021 go 2025 de bhun Airteagal 10a(2) de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 87, 15.3.2021, lch. 29).

⁽⁵⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/331 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 lena gcinntear rialacha uile-Aontais idirthréimhseacha le haghaidh lamháltas astaíochtaí a leithdháileadh saor in aisce ar bhealach comhchuibhithe de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 59, 27.2.2019, lch. 8).

⁽⁶⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/927 ón gCoimisiún an 31 Bealtaine 2021 lena gcinntear an fachtóir ceartúcháin trasearnála aonfhoirmeach chun leithdháilte lamháltas astaíochtaí saor in aisce a choigeartú le haghaidh na tréimhse 2021 go 2025.

- (7) Thug an Ghearmáin fógra maidir le hathruithe ar a tábla náisiúnta leithdháilte, le litir dar dáta an 29 Samhain 2022. Tuairiscíodh coigeartuithe ar na sreafaí teasa a mhalartaítear le líonra teasa maidir le suiteálacha DE-43 agus DE-2495, rud a fhágann go bhfuil factóirí ceartaithe ann le haghaidh teas neamh-CTA agus go n-aistrítear leithdháileadh saor in aisce idir foshuiteálacha teasa a bhaineann le suiteáil DE-43. Mar thoradh ar cheartúchán maidir le haicéitiléin, ceartaíodh leibhéil ghníomhaíochta stairiúla na foshuiteála breosla agus na foshuiteála astaíochtaí próisis a bhaineann le suiteáil DE-235. Maidir le hearráidí i ríomh an leibhéil ghníomhaíochta stairiúil le haghaidh foshuiteálacha teasa i suiteálacha DE-892, DE-941, DE-203778, DE-203812 agus DE-206021, rinneadh iad a shainaitheant agus a cheartú. Ceartaíodh na leibhéil ghníomhaíochta stairiúla le haghaidh na foshuiteála teasa agus na foshuiteála breosla a bhaineann le suiteáil DE-205609, tar éis botúin a bhrath i dtomhas an gháis nádúrtha. Rinneadh stádas gineadóra leictreachais shuiteáil DE-4111 a cheartú go gineadóir leictreachais. Tá onnmhairíoir teasa amháin nach cuid é de CTA AE a thuilleadh, rud a rinne laghdú ar an leithdháileadh ar shuiteáil DE-4170. Ceartaíodh earráidí in ídiú leictreachais agus san fhachtóir malartaíthe leictreachais maidir le foshuiteáil na hocsáide eitiléine/na ngliocól eitiléine a bhaineann le suiteáil DE-202606. Ceartaíodh bunús an allmhaire teasa intomhaiste a bhaineann le suiteáil DE-1439 ó shuiteáil CTA AE a bhaineann le suiteáil neamh-CTA. Rinneadh cuid den teas onnmhairithe ó shuiteáil DE-1439 a shainaitheant agus a cheartú go stádas sceite carbóin, rud a d'fhág gur cruthaíodh foshuiteáil teasa sceite carbóin. Toisc gur cuireadh dramhltheas neamhthuairiscithe san áireamh, tháinig méadú ar leibhéal gníomhaíochta stairiúil na foshuiteála teasa agus tháinig laghdú ar leibhéal gníomhaíochta stairiúil na foshuiteála breosla a bhaineann le DE-205540. Tar éis imeacht cúirte, tá suiteáil DE-204581 roinnte ina suiteáil DE-204581 agus ina suiteáil DE-493. Tá suiteáil DE-204581 lasmuigh de CTA AE ós rud é nach ndéanann sí aon ghníomhaíocht lena gcruthaítear astaíochtaí gás ceaptha teasa. Cumhdaítear suiteáil DE-493 faoi CTA AE chun teas intomhaiste a tháirgeadh agus a onnmhairiú chuig úsáideoirí éagsúla lena n-áirítear suiteáil DE-204581.
- (8) Thug Éire fógra maidir le hathruithe ar a tábla náisiúnta leithdháilte, le litir dar dáta an 24 Bealtaine 2022. Ceartaíodh stádas gineadóra leictreachais shuiteáil IE-130 go neamhghineadóir leictreachais.
- (9) Thug an Spáinn fógra maidir le hathruithe ar a tábla náisiúnta leithdháilte, le litir dar dáta an 2 Nollaig 2022. Ceartaíodh dáta tosaigh oibriú na foshuiteála dolaimíte sintéaraithe a bhaineann le suiteáil ES-158. Mar thoradh ar thomhais mhíchearta ar shreafaí teasa intomhaiste, rinneadh rómheastachán ar leibhéal gníomhaíochta stairiúil na foshuiteála teasa a bhaineann le suiteáil ES-890. Le tomhais cheartaithe, leagtar amach leibhéal gníomhaíochta stairiúil nua. Earráidí i ríomh na leibhéal gníomhaíochta stairiúil le haghaidh na bhfoshuiteálacha teasa a bhaineann le suiteálacha ES-932 agus ES-201855, rinneadh iad a shainaitheant agus a cheartú. Rinneadh teas a onnmhairíodh chuig suiteáil neamh-ETS a shannadh go mícheart don fhoshuiteáil amóinia, teas ar cheart é a shannadh don fhoshuiteáil teasa laistigh de shuiteáil ES-201855. Is éard atá i gceist le ceartúchán maidir leis an teas onnmhairithe freisin coigeartuithe ar astaíochtaí na foshuiteála sin agus ar inmhalartacht an fhachtóra breosla agus leictreachais a bhaineann leis an bhfoshuiteáil amóinia. Le ceartúchán ar chód PRODCOM, athraíodh an stádas sceite carbóin go stádas sceite neamh-charbóin maidir le suiteáil ES-202877.
- (10) Thug an Fhrainc fógra maidir le hathruithe ar a tábla náisiúnta leithdháilte, le litir dar dáta an 1 Nollaig 2022. Ceartaíodh leibhéal gníomhaíochta stairiúil na foshuiteála le tagarmharc teochta a bhaineann le suiteáil FR-1020. Mar thoradh ar cheartúcháin ar an gcothromú teasa agus ar an stádas sceite carbóin a bhí ag cuid den táirgeadh, tháinig méadú ar leibhéal gníomhaíochta stairiúil na foshuiteála le tagarmharc teochta sceite carbóin agus tháinig laghdú ar leibhéal gníomhaíochta stairiúil na foshuiteála le tagarmharc teochta sceite neamh-charbóin a bhaineann le FR-182. Mar thoradh ar cheartúcháin, tháinig laghdú ar leibhéal gníomhaíochta stairiúil na foshuiteála olla carraige agus cuireadh foshuiteáil le tagarmharc breosla sceite carbóin i suiteáil FR-1163.
- (11) Thug an Iodáil fógra maidir le hathruithe ar a tábla náisiúnta leithdháilte, le litreacha dar dáta an 11 Iúil 2022, an 22 Samhain 2022 agus an 2 Nollaig 2022. Ceartaíodh leibhéal gníomhaíochta stairiúil na foshuiteála gloine ar snámh i suiteáil IT-493. Ceartaíodh an nasc teicniúil le suiteáil IT-654, rud a d'fhág go n-athrófaí an fhoshuiteáil teasa ina foshuiteáil téimh ceantair. Déantar IT-217620 a thabhairt isteach arís sa leithdháileadh saor in aisce faoin gCóras Trádála Astaíochtaí le huimhir aitheantais clárlainne cheartaithe. Mar thoradh ar cheartúcháin ar shonraí an teasa intomhaiste, tháinig laghdú ar leibhéal gníomhaíochta stairiúil na foshuiteála le tagarmharc teochta agus tháinig méadú ar leibhéal gníomhaíochta stairiúil na foshuiteála le tagarmharc breosla a bhaineann le suiteáil IT-457.
- (12) Thug an Ungáir fógra maidir le hathruithe ar a tábla náisiúnta leithdháilte, le litir dar dáta an 1 Nollaig 2022. Áiríodh an teas eisiteirmeach ón bpróiseas neodraithe i leibhéal gníomhaíochta na foshuiteála teasa i suiteáil HU-153.

- (13) Thug an Laitvia fógra maidir le hathruithe ar a tábla náisiúnta leithdháilte, le litir dar dáta an 1 Nollaig 2022. Tháinig méadú ar leibhéal gníomhaíochta stairiúil na foshuiteála téimh ceantair a bhaineann le suiteáil LV-206234 mar thoradh ar cheartúcháin ar an gcothromú teasa.
- (14) Thug an Ísiltír fógra maidir le hathruithe ar a tábla náisiúnta leithdháilte, le litreacha dar dáta an 8 Márta 2022, an 23 Márta 2022, an 16 Meitheamh 2022, an 14 Deireadh Fómhair 2022 agus an 24 Deireadh Fómhair 2022. Caitheadh le foinse teasa trí bhotún mar theas incháilithe faoin bhfoshuiteáil teasa a bhaineann le suiteáil NL-366. Ina theannta sin, níor cuireadh aon teas tuairiscithe isteach san fhoshuiteáil hidrigine a bhaineann le suiteáil NL-366. Ceartaíodh an dá shaincheist. Ceartaíodh leibhéal gníomhaíochta stairiúil na foshuiteála teasa sceite carbóin a bhaineann le suiteáil NL-54. Ceartaíodh leibhéal gníomhaíochta stairiúil na foshuiteála astaíochtaí próisis a bhaineann le suiteáil NL-110. Ceartaíodh earráidí in ídiú leictreachais agus san fhachtóir malartaithe leictreachais maidir le foshuiteáil na stiréine a bhaineann le suiteáil NL-205924. Ceartaíodh an cothromú dramhgháis agus an cothromú teasa a bhaineann le NL-205924 freisin. Ceartaíodh neamhréireachtaí i dtaca leis na teorainneacha agus na ríomhanna maidir leis an bhfoshuiteáil astaíochtaí próisis a bhaineann le suiteáil NL-205926.
- (15) Thug an Rómáin fógra maidir le hathruithe ar a tábla náisiúnta leithdháilte, le litir dar dáta an 14 Samhain 2022. Tháinig laghdú ar leibhéal gníomhaíochta stairiúil na foshuiteála téimh ceantair a bhaineann le suiteáil RO-207234 mar thoradh ar cheartúcháin ar an gcothromú teasa.
- (16) Thug an tSualainn fógra maidir le ceartúcháin ar a tábla náisiúnta leithdháilte le litir dar dáta an 1 Nollaig 2022. Laghdaíodh leibhéal gníomhaíochta stairiúil fhoshuiteáil an mhínpháipéir neamhbhrataithe go dtí suiteáil SE-471. Áiríodh sna sonraí níos luaithe táirgí gan díol a chuaigh ar ais go dtí an próiseas. Rinneadh an chuid sin a asbhaint ón leibhéal gníomhaíochta stairiúil. Laghdaíodh leibhéal gníomhaíochta stairiúil fhoshuiteálacha na gclár cartáin brataithe agus neamhbhrataithe a bhaineann le suiteáil SE-475. Áiríodh sna sonraí níos luaithe táirgí gan díol a chuaigh ar ais go dtí an próiseas. Rinneadh an chuid sin a asbhaint ón leibhéal gníomhaíochta stairiúil.
- (17) Tá na táblaí náisiúnta leithdháilte faoina dtugtar fógra i gcomhréir le Treoir 2003/87/CE agus i gcomhréir le Rialachán Tarmhligthe (AE) 2019/331 ón gCoimisiún agus i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2021/355 ón gCoimisiún,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal aonair

Tugtar treoir do riarthóir lárnach Loga Beartaíochta an Aontais Eorpaigh ceartúcháin ar tháblaí náisiúnta leithdháilte na Seicia, na Danmhairge, na Gearmáine, na hÉireann, na Spáinne, na Fraince, na hIodáile, na Laitvia, na hUngáire, na hÍsiltíre, na Rómáine, agus na Sualainne, in éineacht leis na méideanna deiridh bliantúla den leithdháileadh lamháltas saor in aisce idirthréimhseach lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa, le haghaidh na tréimhse idir 2021 go 2025, a leagtar amach san Iarscríbhinn, a chur isteach i Loga Beartaíochta an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Nollaig 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Frans TIMMERMANS
Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin

IARSCRÍBHINN I

An tábla náisiúnta leithdháilte le haghaidh na tréimhse 2021-2025 de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE

Ballstát: An tSeicia

Uimhir aitheantais na suiteála	Uimhir aitheantais na suiteála (Clárann an Aontais)	Ainm na suiteála	Ainm an oibreora	Cainníocht atá le leithdháileadh					Cainníocht atá le leithdháileadh de réir suiteála
				2021	2022	2023	2024	2025	
CZ000000000000127	127	Elektrárny Prunéřov	ČEZ, a.s.	13 089	12 753	12 416	12 080	11 744	62 082
CZ000000000000126	126	Elektrárny Prunéřov	ČEZ, a.s.						0
IOMLÁN				13 089	12 753	12 416	12 080	11 744	62 082

IARSCRÍBHINN II

An tábla náisiúnta leithdháilte le haghaidh na tréimhse 2021-2025 de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE

Ballstát: An Danmhairg

Uimhir aitheantais na suiteála	Uimhir aitheantais na suiteála (Clárann an Aontais)	Ainm na suiteála	Ainm an oibreora	Cainníocht atá le leithdháileadh					Cainníocht atá le leithdháileadh de réir suiteála
				2021	2022	2023	2024	2025	
DK000000000000375	375	Siri feltet omfattende anlæg på Siri platformen	INEOS E&P A/S	21 515	21 515	21 515	21 515	21 515	107 575
DK000000000000305	305	Brødrene Hartmann A/S	Brødrene Hartmann A/S	6 659	6 659	6 659	6 659	6 659	33 295
DK000000000000265	265	Dansk Salt A/S	Dansk Salt A/S	51 258	51 258	51 258	51 258	51 258	256 290
IOMLÁN				79 432	79 432	79 432	79 432	79 432	397 160

An tábla náisiúnta leithdháilte le haghaidh na tréimhse 2021-2025 de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE

Ballstát: An Ghearmáin

Uimhir aitheantais na suiteála	Uimhir aitheantais na suiteála (Clárann an Aontais)	Ainm na suiteála	Ainm an oibreora	Cainníocht atá le leithdháileadh					Cainníocht atá le leithdháileadh de réir suiteála
				2021	2022	2023	2024	2025	
DE000000000000043	43	Glocke	Salzgitter Flachstahl GmbH	6 044 087	6 044 087	6 044 087	6 044 087	6 044 087	30 220 435
DE000000000000235	235	Wanne7 mit Feedern und Kühlbahnen	SP Spezialglas Piesau GmbH	16 265	16 265	16 265	16 265	16 265	81 325
DE000000000000493	493	Essity Mannheim, HKW	Essity Operations Mannheim GmbH	124 800	121 593	118 386	115 180	111 973	591 932
DE000000000000892	892	Kesselhaus (K2 + K5)	MVV Industriepark Gersthofen GmbH	1 902	1 902	1 902	1 902	1 902	9 510
DE000000000000941	941	Kraftwerk Grenzach-Wyhlen	DSM Nutritional Products GmbH	35 837	34 917	33 995	33 075	32 154	169 978
DE000000000001439	1439	Heiz- und Wärmezentrale	Speira GmbH - Werk Grevenbroich	10 591	10 591	10 591	10 591	10 591	52 955
DE000000000002495	2495	Warmbreitbandwalzwerk	Salzgitter Flachstahl GmbH	260 105	260 105	260 105	260 105	260 105	1 300 525
DE000000000004111	4111	DMK Deutsches Milchkontor GmbH Werk Edeweicht	DMK Deutsches Milchkontor GmbH	15 467	15 070	14 672	14 275	13 878	73 362
DE000000000004170	4170	Papierfabrik Papiermaschine 1, Strichaufträge mit Luft- und IR-Trockner	Hamburger Rieger GmbH Papierfabrik Spremberg	28 389	28 389	28 389	28 389	28 389	141 945
DE000000000202606	202606	Ethylenoxid-Anlage	Sasol Germany GmbH	58 759	58 759	58 759	58 759	58 759	293 795

Uimhir aitheantais na suiteála	Uimhir aitheantais na suiteála (Clárann an Aontais)	Ainm na suiteála	Ainm an oibreora	Cainníocht atá le leithdháileadh					Cainníocht atá le leithdháileadh de réir suiteála
				2021	2022	2023	2024	2025	
DE000000000203778	203778	AEG	Inovyn Deutschland GmbH	47 021	47 021	47 021	47 021	47 021	235 105
DE000000000203812	203812	VC	INOVYN Deutschland GmbH	40 880	40 880	40 880	40 880	40 880	204 400
DE000000000204581	204581	Essity Mannheim, Zellstoffabrik	Essity Operations Mannheim GmbH						0
DE000000000205540	205540	Kaltwalzwerk Dillenburg	Outokumpu Nirosta GmbH	21 338	21 338	21 338	21 338	21 338	106 690
DE000000000205609	205609	Anlage zur Herstellung von Stärkeprodukten	Ingredion Germany GmbH	15 015	15 015	15 015	15 015	15 015	75 075
DE000000000206021	206021	Produktionskomplex (Ziegler, TAM, NFA)	Sasol Germany GmbH	147 106	147 106	147 106	147 106	147 106	735 530

IOMLÁN	6 867 562	6 863 038	6 858 511	6 853 988	6 849 463	34 292 562
--------	-----------	-----------	-----------	-----------	-----------	------------

IARSCRÍBHINN IV

An tábla náisiúnta leithdháilte le haghaidh na tréimhse 2021-2025 de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE

Ballstát: Éire

Uimhir aitheantais na suiteála	Uimhir aitheantais na suiteála (Clárann an Aontais)	Ainm na suiteála	Ainm an oibreora	Cainníocht atá le leithdháileadh					Cainníocht atá le leithdháileadh de réir suiteála
				2021	2022	2023	2024	2025	
IE000000000000130	130	DuPont Nutrition Ireland	Dupont Nutrition Manufacturing Ireland Limited	20 976	20 976	20 976	20 976	20 976	104 880
IOMLÁN				20 976	20 976	20 976	20 976	20 976	104 880

IARSCRÍBHINN V

An tábla náisiúnta leithdháilte le haghaidh na tréimhse 2021-2025 de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE

Ballstát: An Spáinn

Uimhir aitheantais na suiteála	Uimhir aitheantais na suiteála (Clárann an Aontais)	Ainm na suiteála	Ainm an oibreora	Cainníocht atá le leithdháileadh					Cainníocht atá le leithdháileadh de réir suiteála
				2021	2022	2023	2024	2025	
ES000000000000158	158	DOLOMIAS DE ARAGON S.L.	DOLOMIAS DE ARAGÓN S.L.	20 285	20 285	20 285	20 285	20 285	101 425
ES000000000000890	890	TEXTIL SANTANDERINA, S.A.	TEXTIL SANTANDERINA, S. A.	9 572	9 326	9 080	8 834	8 588	45 400
ES000000000000932	932	CARGILL S.L.U. MARTORELL FABRICA	CARGILL S.L.U.	47 674	47 674	47 674	47 674	47 674	238 370
ES000000000202877	202877	PEPSICO MANUFACTURING, A.I.E.	PEPSICO MANUFACTURING, A.I.E.	4 265	4 265	4 265	4 265	4 265	21 325
ES000000000201855	201855	Fertiberia - Fábrica de Palos	FERTIBERIA,S.A.	557 921	557 921	557 921	557 921	557 921	2 789 605
IOMLÁN				639 717	639 471	639 225	638 979	638 733	3 196 125

IARSCRÍBHINN I

An tábla náisiúnta leithdháilte le haghaidh na tréimhse 2021-2025 de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE

Ballstát: An Fhrainc

Uimhir aitheantais na suiteála	Uimhir aitheantais na suiteála (Clárann an Aontais)	Ainm na suiteála	Ainm an oibreora	Cainníocht atá le leithdháileadh					Cainníocht atá le leithdháileadh de réir suiteála
				2021	2022	2023	2024	2025	
FR000000000000182	182	ENTREMONT ALLIANCE MONTAUBAN DE BRETAGNE	ENTREMONT ALLIANCE S.A.S.	4 278	4 278	4 278	4 278	4 278	21 390
FR0000000000001020	1020	BONILAIT PROTEINES	BONILAIT PROTEINES	7 592	7 592	7 592	7 592	7 592	37 960
FR0000000000001163	1163	KNAUF INSULATION LANNEMEZAN	KNAUF INSULATION LANNEMEZAN	22 405	22 405	22 405	22 405	22 405	112 025
IOMLÁN				34 275	34 275	34 275	34 275	34 275	171 375

An tábla náisiúnta leithdháilte le haghaidh na tréimhse 2021-2025 de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE

Ballstát: An Iodáil

Uimhir aitheantais na suiteála	Uimhir aitheantais na suiteála (Clárann an Aontais)	Ainm na suiteála	Ainm an oibreora	Cainníocht atá le leithdháileadh					Cainníocht atá le leithdháileadh de réir suiteála
				2021	2022	2023	2024	2025	
IT000000000000457	457	Burgo Group S.p.A. Stabilimento di Sora	Burgo Group S.p.A.	87 679	87 679	87 679	87 679	87 679	438 395
IT000000000000493	493	Pilkington Italia S.p.A.	Pilkington Italia S.p. A.	91 275	91 275	91 275	91 275	91 275	456 375
IT000000000000654	654	CENTRALE TERMOELETTRICA DI CASSANO D'ADDA	A2A gencogas Spa	877	854	832	809	787	4 159
IT000000000217620	217620	Sterilgarda Alimenti SpA	Sterilgarda Alimenti SpA	0	3 316	3 316	3 316	3 316	13 264
IOMLÁN				179 831	183 124	183 102	183 079	183 057	912 193

IARSCRÍBHINN VIII

An tábla náisiúnta leithdháilte le haghaidh na tréimhse 2021-2025 de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE

Ballstát: An Ungáir

Uimhir aitheantais na suiteála	Uimhir aitheantais na suiteála (Clárann an Aontais)	Ainm na suiteála	Ainm an oibreora	Cainníocht atá le leithdháileadh					Cainníocht atá le leithdháileadh de réir suiteála
				2021	2022	2023	2024	2025	
HU000000000000153	153	Nitrogénművek Zrt.	Nitrogénművek Zrt.	825 352	825 352	825 352	825 352	825 352	4 126 760
IOMLÁN				825 352	825 352	825 352	825 352	825 352	4 126 760

IARSCRÍBHINN IX

An tábla náisiúnta leithdháilte le haghaidh na tréimhse 2021-2025 de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE

Ballstát: An Laitvia

Uimhir aitheantais na suiteála	Uimhir aitheantais na suiteála (Clárann an Aontais)	Ainm na suiteála	Ainm an oibreora	Cainníocht atá le leithdháileadh					Cainníocht atá le leithdháileadh de réir suiteála
				2021	2022	2023	2024	2025	
LV00000000206234	206234	Biokoġenerācijas stacija	SIA "SIA Gren Latvija"	6 856	6 679	6 503	6 327	6 151	32 516
IOMLÁN				6 856	6 679	6 503	6 327	6 151	32 516

An tábla náisiúnta leithdháilte le haghaidh na tréimhse 2021-2025 de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE

Ballstát: An Ísiltír

Uimhir aitheantais na suiteála	Uimhir aitheantais na suiteála (Clárann an Aontais)	Ainm na suiteála	Ainm an oibreora	Cainníocht atá le leithdháileadh					Cainníocht atá le leithdháileadh de réir suiteála
				2021	2022	2023	2024	2025	
NL000000000000366	366	Nyrstar Budel B.V.	Nyrstar Budel B.V.	99 012	99 012	99 012	99 012	99 012	495 060
NL000000000000054	54	FarmFrites B.V. Oudendoorn	FarmFrites B.V. Oudendoorn	22 374	22 374	22 374	22 374	22 374	111 870
NL000000000000110	110	Emerald Kalama Chemical B.V.	Emerald Kalama Chemical B.V.	50 641	50 641	50 641	50 641	50 641	253 205
NL000000000205926	205926	Lyondell Chemie Nederland b.v. - Botlek locatie	Lyondell Chemie Nederland b.v.	408 210	408 210	408 210	408 210	408 210	2 041 050
NL000000000205924	205924	Lyondell Chemie Nederland B.V. - Maasvlakte locatie	LyondellBasell Covestro Manufacturing Maasvlakte V.O.F.	394 094	394 094	394 094	394 094	394 094	1 970 470
IOMLÁN				974 331	974 331	974 331	974 331	974 331	4 871 655

IARSCRÍBHINN XI

An tábla náisiúnta leithdháilte le haghaidh na tréimhse 2021-2025 de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE

Ballstát: An Rómáin

Uimhir aitheantais na suiteála	Uimhir aitheantais na suiteála (Clárann an Aontais)	Ainm na suiteála	Ainm an oibreora	Cainníocht atá le leithdháileadh					Cainníocht atá le leithdháileadh de réir suiteála
				2021	2022	2023	2024	2025	
RO00000000207234	207234	SC BIOENERGY SUCEAVA SA	SC BIOENERGY SUCEAVA SA	8 981	8 750	8 519	8 288	8 058	42 596
IOMLÁN				8 981	8 750	8 519	8 288	8 058	42 596

An tábla náisiúnta leithdháilte le haghaidh na tréimhse 2021-2025 de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE

Ballstát: An tSualainn

Uimhir aitheantais na suiteála	Uimhir aitheantais na suiteála (Clárann an Aontais)	Ainm na suiteála	Ainm an oibreora	Cainníocht atá le leithdháileadh					Cainníocht atá le leithdháileadh de réir suiteála
				2021	2022	2023	2024	2025	
SE000000000000471	471	Stora Enso Paper AB, Kvarnsveden Mill	Stora Enso Paper AB, Kvarnsveden Mill	136 831	136 831	136 831	136 831	136 831	684 155
SE000000000000475	475	Stora Enso Skoghalls bruk	Stora Enso AB	152 009	152 009	152 009	152 009	152 009	760 045
IOMLÁN				288 840	288 840	288 840	288 840	288 840	1 444 200

AN MAOIRSEOIR EORPACH AR CHOSAINN SONRAÍ

Achoimre ar Thuairim an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí ar na Tograí le haghaidh Treoracha maidir le caighdeáin do chomhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne

(2023/C 64/13)

(Tá téacs iomlán na Tuairime seo le fáil i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis ar shuíomh gréasáin MECS <https://edps.europa.eu>)

An 7 Nollaig 2022, d'eisigh an Coimisiún Eorpach Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le caighdeáin do chomhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne idir daoine gan beann ar a dtionscnamh ciníoch nó eitneach, cóir chomhionann i réimse na fostaíochta agus na slí beatha idir daoine gan beann ar a reiligiún nó a gcreideamh, a míchumas, a n-aois nó a gclaonadh gnéasach, cóir chomhionann idir mná agus fir i gcúrsaí slándála sóisialta agus rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus soláthar earraí agus seirbhísí, agus lena scriostar Airteagal 13 de Threoir 2000/43/CE agus Airteagal 12 de Threoir 2004/113/CE ⁽¹⁾ agus Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin do chomhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne agus comhdhiseanna idir mná agus fir i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha, agus Airteagal 20 de Threoir 2006/54/CE agus Airteagal 11 de Threoir 2010/41/AE ⁽²⁾ a scriosadh.

Is é cuspóir na dtograí íoscheanglais a leagan síos maidir le feidhmiú comhlachtaí comhionannais chun a n-éifeachtacht a fheabhsú agus chun a neamhspleáchas a ráthú d'fhonn cur i bhfeidhm phrionsabal na córa comhionainne a neartú.

Eisítear an Tuairim seo ó MECS mar fhreagairt ar chomhairliúchán a rinne an Coimisiún Eorpach an 8 Nollaig 2022, de bhun Airteagal 42(1) de RCSAE ⁽³⁾.

Fáiltíonn MECS roimh na cuspóirí sin. Tugann sé dá aire nár cheart sonraí pearsanta a bheith sna tuarascálacha a chuirfeadh na comhlachtaí comhionannais ar fáil faoi Airteagal 15 agus nár cheart go mbeadh próiseáil sonraí pearsanta i gceist leis an gcomhar a leagtar amach faoi Airteagal 12 ná leis an bhfaireachán faoi Airteagal 16.

Dá bhrí sin, dírionn sé a mholtaí ar Airteagal 18 maidir le próiseáil sonraí pearsanta. Go háirithe, molann sé deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú do na comhlachtaí comhionannais trí Airteagal 18 de na Tograí a mheas mar bhunús dlí don phróiseáil sonraí agus trí nasc sainráite a dhéanamh le hAirteagal 9 de RGCS ⁽⁴⁾ maidir le catagóirí speisialta sonraí pearsanta. Molann sé soiléiriú a dhéanamh ar raon feidhme Airteagal 18(1) de na Tograí chun ní hamháin bailiú sonraí pearsanta ag comhlachtaí comhionannais a chumhdach ach freisin chun an phróiseáil sonraí pearsanta ina dhiaidh sin a chumhdach, de réir mar is gá, ina liostófar go huileghabhálach na catagóirí speisialta sonraí pearsanta uile de réir bhri RGCS a fhéadfar a phróiseáil ar bhonn na dTograí chomh maith le soiléiriú a dhéanamh ar na bearta oiriúnacha agus sonracha chun cearta bunúsacha agus leasanna an ábhair sonraí a cheanglaítear in Airteagal 9(2)(g) de RGCS a choimirciú.

⁽¹⁾ COM(2022) 689 final.

⁽²⁾ COM(2022) 688 final.

⁽³⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

1. RÉAMHRÁ

1. An 7 Nollaig 2022, d'eisigh an Coimisiún Eorpach Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le caighdeáin do chomhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne idir daoine gan beann ar a dtionscnamh ciníoch nó eitneach, an chóir chomhionann i réimse na fostaíochta agus na slí beatha idir daoine gan beann ar a reiligiún nó a gcreideamh, a míchumas, a n-aois nó a gclaonadh gnéasach, an chóir chomhionann idir mná agus fir i gcúrsaí slándála sóisialta agus maidir le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus soláthar earraí agus seirbhísí, agus lena scriostar Airteagal 13 de Threoir 2000/43/CE ⁽⁵⁾ agus Airteagal 12 de Threoir 2004/113/CE ⁽⁶⁾ (“an Togra um Chóir Chomhionann”) agus Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin do chomhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne agus comhdheiseanna idir mná agus fir i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha agus lena scriostar Airteagal 20 de Threoir 2006/54/CE ⁽⁷⁾ agus Airteagal 11 de Threoir 2010/41/AE ⁽⁸⁾ (“an Togra um Chomhdheiseanna”).
2. Is é cuspóir an Togra um Chóir Chomhionann ⁽⁹⁾ íoscheanglais a leagan síos maidir le feidhmiú comhlachtaí comhionannais chun a n-éifeachtacht a fheabhsú agus a neamhspleáchas a ráthú d'fhonn cur i bhfeidhm phrionsabal na córa comhionainne a neartú mar a dhíorthaítear ó Threoir 79/7/CEE ón gComhairle ⁽¹⁰⁾ (lena dtoirmisctear idirdhealú bunaithe ar ghnéas, in ábhair a bhaineann le slándáil shóisialta), Treoir 2000/43/CE (lena dtoirmisctear idirdhealú bunaithe ar thionscnamh ciníoch nó eitneach), Treoir 2000/78/CE ⁽¹¹⁾ (lena dtoirmisctear idirdhealú ar fhorais reiligiúin nó creidimh, míchumais, aoise nó gnéaschlaonadh maidir le fostaíocht, gairm bheatha agus gairmoiliúint) agus 2004/113/CE (lena dtoirmisctear idirdhealú bunaithe ar ghnéas maidir le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus maidir le soláthar earraí agus seirbhísí).
3. Tá an Togra um Chóir Chomhionann mar chuid de roinnt straitéisí agus pleananna gníomhaíochta a glacadh chun Aontas an Chomhionannais a bhaint amach: an straitéis um chomhionannas inscne ⁽¹²⁾, an plean gníomhaíochta maidir le frithchinióchas ⁽¹³⁾, an creat straitéiseach maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach ⁽¹⁴⁾, an straitéis um chomhionannas LADTIA ⁽¹⁵⁾, agus an straitéis maidir le cearta daoine faoi mhíchumas ⁽¹⁶⁾. Rinneadh tagairt dó freisin sa straitéis chun an frithsheimíteachas a chomhrac agus chun saol na nGiúdach a chothú ⁽¹⁷⁾.
4. Is é cuspóir an Togra um Chomhdheiseanna ⁽¹⁸⁾ íoscheanglais a leagan síos maidir le feidhmiú comhlachtaí comhionannais chun a n-éifeachtacht a fheabhsú agus a neamhspleáchas a ráthú chun cur i bhfeidhm phrionsabal na córa comhionainne a neartú mar a dhíorthaítear ó Threoir 2006/54/CE agus ó Threoir 2010/41/AE. Tá an Togra seo

⁽⁵⁾ Treoir 2000/43/CE ón gComhairle an 29 Meitheamh 2000 maidir le cóir chomhionann a chur chun feidhme idir daoine gan spleáchas do thionscnamh ciníoch nó eitneach (IO L 180, 19.7.2000, lch. 22).

⁽⁶⁾ Treoir 2004/113/CE ón gComhairle an 13 Nollaig 2004 lena gcuirtear i bhfeidhm prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná maidir le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus maidir le soláthar earraí agus seirbhísí (IO L 373, 21.12.2004, lch. 37).

⁽⁷⁾ Treoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha (athmhúnlú) (IO L 204, 26.7.2006, lch. 23).

⁽⁸⁾ Treoir 2010/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná atá rannpháirteach i ngníomhaíocht ar bhonn féinfhostaithe a chur i bhfeidhm agus lena n-aisghairtear Treoir 86/613/CEE ón gComhairle (IO L 180, 15.7.2010, lch. 1).

⁽⁹⁾ Airteagal 1(1) agus aithrisí 3 go 7 den Togra um Chóir Chomhionann.

⁽¹⁰⁾ Treoir 79/7/CEE ón gComhairle an 19 Nollaig 1978 maidir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí slándála sóisialta a chur chun feidhme de réir a chéile (IO L 6, 10.1.1979, lch. 24).

⁽¹¹⁾ Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha (IO L 303, 2.12.2000, lch. 16).

⁽¹²⁾ COM(2020) 152 final (https://ec.europa.eu/info/policies/justice-and-fundamental-rights/gender-equality/gender-equality-strategy_en).

⁽¹³⁾ COM(2020) 565 final (https://ec.europa.eu/info/policies/justice-and-fundamental-rights/combating-discrimination/racism-and-xenophobia/eu-anti-racism-action-plan-2020-2025_en).

⁽¹⁴⁾ https://ec.europa.eu/info/publications/new-eu-roma-strategic-framework-equality-inclusion-and-participation-full-package_en.

⁽¹⁵⁾ COM(2020) 698 final (https://ec.europa.eu/info/policies/justice-and-fundamental-rights/combating-discrimination/lesbian-gay-bi-trans-and-intersex-equality/lgbtiq-equality-strategy-2020-2025_en).

⁽¹⁶⁾ COM(2021) 101 final (<https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=1484>).

⁽¹⁷⁾ COM(2021) 615 final (https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_21_4990). Féach an Meabhrán míniúcháin, leathanach 2.

⁽¹⁸⁾ Airteagal (1)(1) den Togra.

comhlántach le reachtaíocht an Aontais a glacadh i réimse chearta na n-íospartach ⁽¹⁹⁾, rochtain ar cheartas ⁽²⁰⁾ agus cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht an phobail a chomhrac ⁽²¹⁾. Cuirtear i dtábhacht i dTuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta go bhfuil ráthaíochtaí struchtúracha neamhspleáchais agus acmhainní leordhóthanacha ag teastáil ó chomhlachtaí combhionannais chun oibriú go héifeachtach, agus go bhfuil dúshlán fós le sárú ag rinnt de na comhlachtaí sin sna Ballstáit ⁽²²⁾ ⁽²³⁾.

5. Eisítear an Tuairim seo ó MECS mar fhreagairt ar chomhairliúchán a rinne an Coimisiún Eorpach an 8 Nollaig 2022, de bhun Airteagal 42(1) de RCSAE. Is díol sásaimh do MECS an tagairt don chomhairliúchán sin in aithris 50 den Togra um Chóir Chomhionann agus in aithris 49 den Togra um Chomhdheiseanna. Maidir leis sin, sonraíonn MECS go dearfach freisin go ndeachthas i gcomhairle leis ar bhonn neamhfhoirmiúil de bhun aithris 60 de RCSAE i ndáil leis an Togra um Chóir Chomhionann.

5. CONCLÚIDÍ

19. I bhfianaise an mhéid thuasluaite, déanann MECS na príomh-mholtaí seo a leanas:

- (1) deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú do na comhlachtaí combhionannais trí Airteagal 18 de na Tograí a mheas mar bhunús dlí don phróiseáil sonraí agus chun nasc sainráite a dhéanamh le hAirteagal 9 de RGCS maidir le catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil;
- (2) raon feidhme Airteagal 18(1) de na Tograí a shoiléiriú chun ní hamháin bailiú sonraí pearsanta ag comhlachtaí combhionannais a chumhdach ach próiseáil sonraí pearsanta ina dhiaidh sin ag comhlachtaí combhionannais a chumhdach freisin, de réir mar is gá;
- (3) liosta uileghabhálach a dhéanamh de gach catagóir speisialta sonraí pearsanta de réir bhrí RGCS a d'fhéadfaí a phróiseáil ar bhonn na dTograí chomh maith le soiléiriú a dhéanamh ar na bearta oiriúnacha agus sonracha chun cearta bunúsacha agus leasanna an ábhair sonraí a cheanglaítear in Airteagal 9(2)(g) de RGCS a choimirciú.

An Bhruiséil, 2 Feabhra 2023.

Wojciech Rafał WIEWIÓROWSKI

⁽¹⁹⁾ Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeán maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus lena n-ionadaítear Creatchinneadh 2001/220/JHA ón gComhairle (IO L 315, 14.11.2012, lch. 57).

⁽²⁰⁾ Treoir 2003/8/CE ón gComhairle an 27 Eanáir 2003 maidir leis an rochtain ar an gceartas i ndíospóidí trasteorann a fheabhsú trí rialacha coiteanna íosta a leagan síos a bhaineann le cúnaimh dlíthiúil a chur ar fáil do na díospóidí sin (IO L 26, 31.1.2003, lch. 41).

⁽²¹⁾ Moladh (AE) 2022/758 ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2022 maidir le hiriseoirí agus cosantóirí chearta an duine a bhíonn i mbun rannpháirtíocht an phobail a chosaint ar imeachtaí cúirte ar follasach go bhfuil siad gan bhunús nó mí-úsáideach ("Cásanna dlí straitéiseacha in aghaidh rannpháirtíocht an phobail") (IO L 138, 17.5.2022, lch. 30).

⁽²²⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Tuarascáil maidir le Forlámhas an Dlí 2022 (COM(2022) 500 final) (https://ec.europa.eu/info/policies/justice-and-fundamental-rights/upholding-rule-law/rule-law/rule-law-mechanism/2022-rule-law-report_en).

⁽²³⁾ Meabhrán míniúcháin, lch 6.

V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINNEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A
CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11007 – REGAL REXNORD / ALTRA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 64/14)

1. An 10 Feabhra 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽¹⁾.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

- Regal Rexnord Corporation (“Regal Rexnord”, SAM),
- Altra Industrial Motion Corp (“Altra”, SAM),

Gheobhaidh Regal Rexnord rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Altra ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

- Soláthraíonn Regal Rexnord réitigh gléasra cumhachta tionsclaíocha, comhpháirteanna tarchurtha cumhachta, mótaí leictreacha agus rialuithe leictreonacha, táirgí bogtha aeir, agus comhpháirteanna agus córais speisialtachta,
- Soláthraíonn Altra Industrial Motion réitigh tarchurtha cumhachta agus rialaithe gluaisne.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽²⁾, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cas seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11007 — REGAL REXNORD / ALTRA

⁽¹⁾ IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an “Rialachán um Chumaisc”).

⁽²⁾ IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

GNÍOMHARTHA EILE

AN COIMISIÚN EORPACH

Foilsíú teachtaireachta maidir le formheas leasaithe chaighdeánaigh le sonraíocht táirge i ndáil le hainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(2023/C 64/15)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ⁽¹⁾.

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS LEASÚ CAIGHDEÁNACH

“Anjou-Coteaux de la Loire”

PDO-FR-A0405-AM03

Dáta teachtaireachta: 23.11.2022

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

1. **Cód Geografach Oifigiúil**

Rinneadh na bardais a chuimsítear sa limistéar geografach agus sa limistéar atá díreach in aice láimhe a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis an *Code officiel géographique* [Cód Geografach Oifigiúil].

Ní dhéanann sé sin difear do theorainn an limistéir gheografaigh críocheithe.

Leasaíodh pointí 6 agus 9 den doiciméad aonair.

2. **Spásáil idir fíniúnacha**

Athraíodh an spásáil íosta idir na fíniúnacha aonair sa ró céanna ó 1 m go dtí 0.90 m.

Is é cuspóir an leasaithe sin méadú ar dhlús plandála a cheadú gan an spásáil idir na rónna fíniúnacha a athrú.

Cuireadh foráil speisialta leis le haghaidh fíniúnacha suite ar fhánaí níos géire ná 10 %, agus ceadáitear spásáil íosta 0.80 m idir plandaí.

Rinneadh an méid a cuireadh leis chun an cás ar leith ina chuirtear fíniúnacha ar fhánaí géara a chur san áireamh, cás ina éilítear socruithe speisialta le linn chéim an phlandaithe: rónna atá comhthreomhar seachas ingearach leis an bhfána.

Leasaíodh pointe 5 den doiciméad aonair.

3. **Méid**

Ailíníodh na rialacha prúnála le rialacha na sonrúchán eile i limistéar Anjou Saumur in Val de Loire.

Tá an t-ailíniú sin beartaithe chun tuiscint níos fearr a áirithiú d'fhionsaothraithe agus chun cigireachtaí a shimpliú. Tugann an leasú féidearthacht d'fhionsaothraithe a oiriúnú nuair a tharlaíonn sioc, atá ag tarlú níos déanaí agus níos déanaí sa bhliain.

Leasaíodh pointe 5 den doiciméad aonair.

⁽¹⁾ IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

4. Aibíocht

Ardaíodh méid siúcra íosta na bhfionchaor ó 221 go dtí 238 gram in aghaidh an lítir. Rinneadh an méadú sin chun cáilíocht na bhfionta a fheabhsú, ar fionta iad a bhfuil siúcraí iarmhartacha acu.

Chun an deacracht a bhaineann le húrfhionta coipthe a bhfuil an méid siúcra is airde iontu a chur san áireamh, ní bheidh an neart alcóil iarbhir de réir toirte faoi réir uasteorainn a thuilleadh i gcás fionta a bhfuil neart alcóil nádúrtha 18 % ar a laghad acu.

Leasaíodh pointe 4 den doiciméad aonair.

5. Nasc

Rinneadh eagarthóireacht ar an roinn Nasc, agus athraíodh an tagairt don bhliain 2018 go dtí 2021.

Leasaíodh pointe 8 den doiciméad aonair.

6. Bearta idirthréimhseacha

Scríosadh bearta idirthréimhseacha nach bhfuil i bhfeidhm a thuilleadh.

Níor leasaíodh an doiciméad aonair.

7. Na príomhphointí i gcomhair seiceála

Cuireadh buaint de láimh in iarrachtaí iomadúla leis na príomhphointí atá le seiceáil.

Níor leasaíodh an doiciméad aonair.

8. Leasuithe eagarthóireachta

Rinneadh líon áirithe leasuithe eagarthóireachta ar an tsonraíocht.

Ní cheanglaítear leis na leasuithe sin aon leasú a dhéanamh ar an doiciméad aonair.

9. Tagairt don chomhlacht cigireachta

Cuireadh foclaíocht úr ar an tagairt don chomhlacht cigireachta lena ailíniú leis an bhfoclaíocht a úsáidtear i sonraíochtaí táirge eile. Is leasú eagarthóireachta amháin é sin.

Ní thagann aon athrú ar an doiciméad aonair as an leasú seo.

10. Lipéadú

Rinneadh na rialacha maidir le lipéadú a shoiléiriú agus a ailíniú le rialacha na sonrúchán eile i limistéar Anjou Saumur in Val de Loire. Is leasú eagarthóireachta amháin é sin.

Leasaíodh pointe 9 den doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR**1. Ainm(neacha)**

Anjou-Coteaux de la Loire

2. Cineál an táisc gheografaigh

STFC – Sonrúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. Catagóirí táirgí fíniúna

1. Fíon

4. Tuairisc ar an bhfion nó ar na fionta

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Is fionta geala socra iad sin a dhéantar ó fhíonchaora a bhaintear agus iad ró-aibí (tiúchan nádúrtha ar an bhfíniúin, le lobhadh uasal nó gan é). Is fionta galánta iad, le bolaithe an-chasta (de bhláthanna, torthaí úra nó fiú triomaithe nó criostalaithe), agus míne agus úire á gcur le chéile sa bhéal. Tá iontu: neart alcóil nádúrtha íosta de 14 % de réir toirte; cion siúcra coiptheach (glúcós agus fruchtós) ann i ndiaidh coipthe atá níos mó ná 34 g/l nó cothrom leis. Is é 11 % an íosmhéid nirt alcóil iarbhír de réir toirte i gcás fionta a bhfuil a neart alcóil nádúrtha de réir toirte níos lú ná 18 %. Tá an cion iomlán aigéid agus dé-ocsaíde sulfair mar atá leagtha amach i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	18
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	ina milleachóibhéisí in aghaidh an lítir
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	25
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagram in aghaidh an lítir)	

5. Cleachtais fíoneolaíochta

5.1. Cleachtais fhíoneolaíochta shonracha

1. Saibhriú

Cleachtas sonrach fíoneolaíochta

Ceachaítear saibhriú de réir na rialacha atá leagtha amach sa tsonraíocht.

2. Sliseanna adhmaid a úsáid

Cleachtas sonrach fíoneolaíochta

Toirmiscear úsáid sliseanna adhmaid. Anuas ar na forálacha thuasluaite, is gá go gcomhlíonann na cleachtais fíoneolaíochta a bhaineann leis na fionta sin na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus sa Chód Tuaithe agus Iascaireachta Muirí.

3. Dlús

Modh fáis

Is é 4 000 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandála íosta na bhfíniúnacha. Níor cheart spásáil idir na línte fíniúna a bheith níos mó ná 2.50 méadar, agus ba cheart spásáil idir plandaí sa líne chéanna a bheith 0.90 méadar ar a laghad.

Bíonn buaint fionchaoire incháilithe do shonrúchán tionscnaimh faoi chosaint má thagann siad ó dháileachtaí fíonghort a bhfuil spásáil 0.80 méadar ar a laghad ach níos lú ná 0.90 méadar idir plandaí sa ró céanna, i gcás ina bhfuil siad ar fhánaí níos mó ná 10 %.

I gcás ina bhfuil dlús plandála 3 300 planda in aghaidh an heicteáir ar a laghad ach níos lú na 4 000 planda in aghaidh an heicteáir sna dáileachtaí fíonghoirt, tá an bhuint incháilithe do shonrúchán tionscnaimh faoi chosaint ar choinníoll go gcomhlíontar na rialacha maidir le treilísiú agus airde duilliúir a leagtar síos sa tsonraíocht seo. Ní mór don spásáil idir na rónna fíniúna gan a bheith níos mó ná 3 mhéadar, agus ní mór don spásáil idir plandaí sa ró céanna a bheith 1 mhéadar amháin ar a laghad.

4. Méid

Modh fáis

Prúnáiltear na fíniúnacha agus 12 bhachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda i gceist, gan beann an úsáidtear modh prúnála cána, prúnála spoir nó prúnála measctha.

Ag an gcéim fheineolaíochta a chomhfhreagraíonn le 11 nó 12 dhuilleog (bachlóga ar leith), ní mór do na géaga ar a bhfuil torthaí don bhliain in aghaidh an phlanda gan a bheith níos mó ná 12.

5. Saothrú

Modh fáis

Buaintear na fíonchaora de láimh in iarrachtaí iomadúla.

6. Uisciú

Modh fáis

Toirmiscear uisciú.

7. Aosú

Cleachtas sonracha fíoneolaíochta

Ní mór do na fíonta a bheith aosaithe go dtí 15 Eanáir ar a laghad den bhliain i ndiaidh na buainte.

5.2. *Uastáirgeacht*

40 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Tarlaíonn gach céim den táirgeadh sa limistéar geografach, lena gcuimsítear bardais roinn Maine-et-Loire a ainmnítear thíos, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2021: Bouchemaine, Chalonnes-sur-Loire, Champocé-sur-Loire, Ingrandes-Le Fresne-sur-Loire (críoch iar-bhardas Ingrandes amháin), Mauges-sur-Loire (críoch na mbardas tarmlichte Mesnil-en-Vallée, Montjean-sur-Loire agus La Pommeraye amháin), La Possonnière, Saint-Georges-sur-Loire, Saint-Germain-des-Prés. Is féidir breathnú ar léarscáileanna a thaispeánann an limistéar geografach ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (INAO).

7. **Cineál/cineálacha fíniúna**

Chenin B

8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc)**

8.1. *Faisnéis maidir leis an limistéar geografach*

a) Tuairisc ar na tosca nádúrtha is ábhartha don nasc

Comhfhreagraíonn an limistéar geografach do na fánaí scealla atá mar líneáil ar bhruach abhainn an Loire. Is í an chuid is faide siar de na fíonghoirt í lena mbaineann an sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint “Anjou”. In 2021, cumhdaíodh ocht mbardas san iarthar sa roinn Maine-et-Loire. Tosaíonn sé ar imeall Angers, i mbardas Bouchemaine, áit a mbuaileann aibhneacha an Loire agus an Maine le chéile, sula leanann siad ar aghaidh ar an dá thaobh den abhainn, chomh fada le Ingrandes agus Le Mesnil-en-Vallée, i dtreo Nantes.

Tá tionchar mór ag an abhainn ar an méisea-aeráid. Tá na fíonghoirt suite ar na fánaí is gaire do bhruach na habhann agus ní shíneann siad níos mó ná 3 chiliméadar níos faide ná sin. Thairis sin, ó thuaidh agus ó dheas, is móinéir agus coillearnach atá sa tírdhreach den chuid is mó. Músclaíonn an t-ainm “Coteaux de la Loire” [*coteaux* = fánaí] topagrafaíocht na bhfíonghort, lena gclaois ilchineálacha. Tá codarsnacht idir fánaí géara bardas Bouchemaine agus na fánaí i bhfad níos míne i mbardais Ingrandes agus Saint-Georges-sur-Loire.

Díorthaítear ithreacha dáileachtaí atá críochaithe go sonracha le haghaidh fíonchaora a bhaint ó phríomhfhoirmíochtaí éagsúla an Massif Armorcach. Is ithreacha scealla nó scealla/gaineamhchloiche iad atá lagfhorbartha. Is féidir roinnt ithreacha forbartha a dhíorthaítear ó charrraig bholcánach agus roinnt ithreacha aolchloiche donna Deavónach a fháil anseo freisin. Is ithreacha an-éadomhain iad, agus an bhuncharraig suite de ghnáth ag doimhneacht níos lú ná 0.40 m. Tá siad saor ó aon chomhartha hidrea-morfála agus tá cúltaisc uisce an-íseal acu.

Tá an aeráid aigéanach. Maolaítear cineál aigéanach na haeráide tríd an éifeacht Foehn ó ardtailte an Mauges ar thaobh thiar na bhfionghort. Is é 650 milliméadar an mheánfhrasaíocht bhliantúil, agus an limistéar geografach ina iomláine á fhoscadh ó ghaotha taise; tá sé níos mó ná 800 milliméadar os cionn ardtailte an Mauges. Tá ról ag an Loire freisin maidir le teochtaí a rialú i rith na bliana.

Chomh maith le topagrafaíocht, is gné fhíor-thábhachtach í nochtadh na bhfánaí freisin. Ar an mbanc deas, tá na fionghort ó dheas suite go maith, ós rud é go bhfuil foscadh ann ó na gaotha fuara ó thuaidh. Ar an mbruach clé, tá ról suntasach ag éifeacht draenála na habhann ar an aer fuar i dtéamh na bhfánaí thuaidh. Tá roinnt suíomhanna sa ghleann cosanta ón ngaoth agus baineann siad tairbhe as sochar teasa. Ar deireadh, tá príomhról ag an Loire le linn thréimhse na buainte trí cuidiú le ceocháin maidine a chruthú, rud atá fíor-riachtanach d'fhorbairt "lobhadh uasal".

b) Tuairisc ar na tosca daonna is ábhartha maidir leis an nasc geografach

Téann stair fhíonghoirt Anjou chomh fada siar leis an 9ú céad, cé go bhfuil an chéad tagairt bheacht d'fhíonghoirt "Coteaux de la Loire" le feiceáil in 1749 in "*Traité sur la nature et la culture de la vigne*", tráchtas ó Messrs Bidet agus Duhamel de Monceau, ina deirtear sna fíonghoirt sin go bhfuil "an talamh, atá an-deacair a ghlanadh, forbartha go hiomlán anois agus curtha le fíniúnacha...".

Léiríonn bille a bhí os comhair na Comhairle Stáit maidir le bearta riaracháin a glacadh in 1804 nach dtáirgeann an réigiún ach fionta bána: "Níl fánaí an Loire oiriúnach ach amháin do tháirgeadh fionta bána, agus is brainse suntasach den gheilleagar áitiúil iad na fionta seo...". Tagraíonn an bille freisin don Bheilg, a bhí claonta ag an am sin i leith fhionta "Coteaux de la Loire".

Níos déanaí scríobh an tUasal Auguste Petit-Lafitte in 1842 gurb é "Gros Pineau, nó Chenin, an cineál fionchaoire is mó." Is iad na fíonghoirt Anjou cliabhán na gcineál fionchaoire Chenin B. Cineál cruu atá ann, athraíonn a acmhainneacht go mór de réir an chineáil ithreach nó, ar bhonn níos ginearálta, an áit a bhfuil sé curtha. Thuig táirgeoirí go han-tapa gur cheart an cineál sin a bhuaint ag céim níos déanaí den aibíocht, agus úsáid á baint as teicnící sonracha. Scríobh Cunta Odart an méid seo a leanas ina "*Traité des cépages*" a thráchtas ar fhíniúnacha 1845: "Ba cheart dúinn coinníoll a chur leis gan na fionchaora a bhuaint go thart ar Lá Fhéile na Naomh Uile, nuair atá na fionchaora ró-aibí agus tá a gcaicinn morgthach tar éis a bheith bogtha ag an mbáisteach."

Dá bhrí sin, is cuid lárnach den bhuaint í an ró-aibíocht. Ina chuid oibre in 1816 "*Topographie de tous les vignobles connus*", thug Jullien faoi deara "Sna sár-bhlianta, déantar na fionchaora a bhuaint roinnt uaireanta; an chéad dá uair, ní bhuaitear ach na fionchaora is aibí, chun fionta a tháirgeadh lena n-onnmhairiú; táirgtear sa tríú baint fionta ar mhaithe le tomhaltas intíre na Fraince...".

- 8.2. Mar sin féin, d'fhorbródh saothrú fíniúna sna fíonghoirt seo ar an mbealach céanna agus an chuid eile den Anjou. Mar thoradh ar theacht cheannaithe na hÍsiltíre sa 16ú céad, tháinig fás ar mhargadh "fionta don fharraige", i.e. lena n-onnmhairiú, a tháirgtear ó fhíniúnacha atá prúnáilte go gearr (aon nóid amháin nó dhá nóid). Chonaicamar freisin fás mhargadh na Fraince sa bhaile - Párasach den chuid is mó - le fionta de cháil níos lú a tháirgtear ó fhíniúnacha atá prúnáilte go fada (sé nó seacht nóid).

Ag deireadh an Dara Cogadh Domhanda, aistríodh táirgeadh go príomha i dtreo fionta "leath-thirim", cosúil leis na "fionta do Pháras" ó na seanlaethanta. Tháinig iarrachtaí chun cinn arís le linn na 1980idí chun fionta a tháirgeadh le féiniúlacht láidir, agus tiúchan siúcra ard.

Meastar gur fionta móra "milis" Anjou iad na fionta (a thugtar "sioróipeach" orthu go háitiúil) a bhfuil an sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint "Anjou-Coteaux de la Loire" orthu.

Faisnéis maidir le cáilíocht agus saintréithe an táirge

Tá an ghalántacht ina saintréith ag na fionta seo. Lena dea-bholaithe casta, déanta den chuid is mó as bláthanna, torthaí úra nó fiú triomaithe nó criostalaithe, tugann na fionta seo an *douceur angevine* chun cuimhne – mánlacht réigiún Anjou. Sa bhéal, bíonn idir míne agus úire le chéile acu. Nochtann fionta a bhfuil an sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint acu "Anjou-Coteaux de la Loire" a meallacht le himeacht ama, bíodh siad socair cosúil leis an Loire sa samhradh, nó láidir cosúil leis an Loire nuair a tharlaíonn tuilte sa gheimhreadh.

Idirghníomhaíochtaí cúisíocha

Cuireann an meascán d'ithreacha éadoimhne agus topagrafaíocht a sholáthraíonn nochtadh den scoth, agus soláthar tráthrialta uisce á áirithiú, ar chumas chineál Chenin B a lánacmhainneacht a bhaint amach.

Suíomh na bhfionghort – in aice leis an Loire, a rialaíonn teochtaí i rith an timhrialla fáis – le cabhair ó bhainistíocht oiriúnach, go háirithe prúnáil spoir, cuireann sé ar chumas na bhfionchaor teacht ar a leibhéal aibíochta is fearr. Tugann láithreach an Loire deis do na fionchaora ró-aibíocht a bhaint amach, trí na gaotha á seoladh ag an abhainn, a chuidíonn go meicniúil le triomú na bhfionchaor trí cheocháin na maidine a chruthú, atá rithábachtach d'fhorbairt *Botrytis cinerea* agus, dá bhrí sin, “lobhadh uasal”.

Fanacht ar ró-aibíocht na bhfionchaor; an bhaint a fhágáil go dtí go bhfuil cuid mhaith den fhómhar thart; agus buaint de láimh i bpasanna iomadúla laistigh d'aon dáileacht amháin chun caora a roghnú a bhíonn comhchruinnithe go nádúrtha nó a dhéanann “lobhadh uasal” difear dóibh (“rósta”): léiríonn na cleachtais sin fios gnó na dtáirgeoirí agus an cumas ar leith atá ag cineál Chenin B. Rinne Guillory Mór tuairisc ar an inniúlacht sin in 1861: “Le fíorbheagán eisceachtaí, déantar an bhaint i mí Dheireadh Fómhair, tráth a mheastar go bhfuil na fionchaora breá aibí agus nuair a bhíonn tionchar ag lobhadh uasal ar an gceathrú cuid díobh ar a laghad.”

An meascán de chomhshaol sonrath den sórt sin, le cineál fionchaoire a oireann go breá dó, agus saineolas áitiúil maidir le leas a bhaint as na cáilíochtaí uile atá aige, cuidíonn siad le táirgeadh fíonta an-úrnu. Tá go leor tagairtí do cháil na bhfionta sin, lena n-áirítear ceann ag an Uasal Petit-Lafitte, a scríobh “Nuair a dhírítear na fíniúnacha seo i nód amháin nó dhá nód, táirgeann siad fíonta síoróipeacha, íogaire a bhíonn ag triall ar an mBeilg.”

Maidir le Guillory Mór, scríobh sé an méid seo a leanas i bhFeasachán Cuideachta Talmhaíochta agus Tionscail Angers in 1861: “Níl an talamh anseo oiriúnach go maith do bharr eile gan costas suntasach a thabhtú, mar nach bhfuil sé an-torthúil; ar an gcúis chéanna sin, ní tháirgeann sé flúirse fíona; mar sin, murach cáilíocht an fhíona, a choimeádann an praghas sách ard, b'éigean éirí as saothrú-fíniúna anseo.”

9. Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Sa limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainiú ag maolú maidir le táirgeadh agus aosú fíonta, cuimsítear críoch na mbardas seo a leanas, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2021:

— roinn Loire-Atlantique: Vair-sur-Loire (críoch na mbardas tarmiligthe Anetz amháin);

— roinn Maine-et-Loire: Chaudefonds-sur-Layon, Denée, Mauges-sur-Loire (críoch na mbardas tarmiligthe La Chapelle-Saint-Florent, Le Marillais, Saint-Florent-le-Vieil agus Saint-Laurent-du-Mottay), Rochefort-sur-Loire, Savennières, Val-du-Layon (críoch na mbardas tarmiligthe Saint-Aubin-de-Luigné amháin).

Lipéadú

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Faoi rialacha an Aontais, féadfaidh na Ballstáit úsáid téarmaí roghnacha a rialú. Ar na lipéid, ní mór méid na litreacha a úsáidtear do théarmaí den sórt sin a bheith níos mó, ar airde, ar leithead ná ar thiús, ná dhá oiread mhéid na litreacha lena gcruthaítear ainm an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

Sainiúlacht ainm “Val de Loire”

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Méid na litreacha d’ainm geografach “Val de Loire”, ní fhéadfaidh siad a bheith níos mó, ar airde ná ar leithead, ná dhá thrian de mhéid na litreacha lena gcruthaítear ainm an tsonrúcháin tionscnaimh chláraithe.

Lipéadú: Aonad geografach níos lú

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

I gcás fionta lena ngabhann an sonrúchán tionscnaimh cláraithe, féadfar aonad geografach níos lú a shonrú ar a lipéid, ar choinníoll gurb amhlaidh an méid a leanas: - ainm áite is ea é atá liostaithe i gclárann na talún; - bíonn sé le feiceáil ar an dearbhú buainte. Na litreacha a úsáidfear chun ainm na háite a phriontáil, ní bheidh siad níos mó ná leath de mhéid na litreacha ina scríobhtar ainm an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint, ó thaobh airde ná leithid de.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-875a2642-735c-41b5-9f24-f1587eff7895

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)